

TUARASCÁIL  
BHLIANTÚIL  
*2008*



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**  
*State Examinations Commission*

## RÁITEAS MISIN

Córas scrúduithe agus measúnachta stáit d'ardchaighdeán a sholáthar a chuimsíonn na caighdeáin is airde san oscailteacht, i gcothrom na Féinne agus i gcuntasacht.

## SAINORDÚ

Bunaíodh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) faoi Alt 54 den Acht Oideachais, 1998 agus tá sé faoi shainordú maidir lena chuid feidhmeanna leis an Ordú um Choimisiún na Scrúduithe Stáit ( Bunú) 2003. Leagann an t ordú amach na feidhmeanna agus na dualgais atá ar an gCoimisiún (CSS) mar seo a leanas:

- Reáchtáil scrúduithe a eagrú;
- Ullmhú páipéir scrúdaithe agus ábhair scrúdaithe eile a dheimhniú;
- Nósanna imeachta a leagan síos in ionaid ina mbíonn scrúduithe ar siúl, feitheoireacht na scrúduithe san áireamh;
- Socruithe a dhéanamh le haghaidh mharcáil na hoibre a chuirtear ar fáil sna scrúduithe;
- Torthaí na scrúduithe a eisiúint;
- Nósanna imeachta a leagan síos le gur féidir torthaí scrúduithe a athbhreithniú agus achomharc a dhéanamh orthu ar iarratas ó iarrthóirí;
- Táillí scrúduithe a iarraidh agus a bhailiú agus an t airgead sin a chaitheamh ar a chuid feidhmeanna a chur i gcrích;
- Ionaid a ainmniú atá oiriúnach chun scrúduithe a chur ar siúl iontu.

# Clár

Réamhfhocal ón gCathaoirleach	2
Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach	3
Achoimre ar Staitisticí na Scrúduithe	4

## Caibidlí

Caibidil 1	Coimisiún na Scrúduithe Stáit i gComhthéacs	9
Caibidil 2	Athbhreithniú ar 2008	15
Caibidil 3	Maoiniú agus Cuntasacht	27
Caibidil 4	Gníomhaíochtaí Corparáideacha - Ag Tacú leis na hEochairfheidhmeanna Gnó	31

## Aguisíní

Aguisín A	Cairt na gCustaiméirí	38	
Aguisín B	Eagrú Feidhmeanna	40	
Aguisín C	Eolaire Teagmhála	41	
Aguisín D	Staitisticí 2008	42	
	Tábla 1	Líon na nIarrthóirí i Scrúduithe 2008	42
	Tábla 2	An Ardteistiméireacht - Torthaí Comhiomlána	43
	Tábla 3	Torthaí na hArdteistiméireachta Feidhmí	44
	Tábla 3a	Clár Gairmiúil na hArdteistiméireachta 2008	45
	Tábla 4	An Teastas Sóisearach - Torthaí Comhiomlána	46
	Tábla 5-12	Torthaí an Teastais Shóisearaigh	47
	Tábla 13-20	Torthaí na hArdteistiméireachta	55
	Tábla 21	Staitisticí na nAchomharc	63
Aguisín E	Ullmhúchán Míreanna Tástála	64	

# Réamhfocal ón gCathaoirleach



**Richard Langford**  
Cathaoirleach

Is cúis mhór áthais domsa mar Chathaoirleach Choimisiún na Scrúduithe Stáit séú Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin a fhoilsiú. Soláthraíonn sé seo forléargas ar fheidhmíocht an Choimisiúin le linn 2008 agus ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo mhísean an Choimisiúin scrúduithe ar ardchaighdeán a sholáthar ar na caighdeáin is airde san oscailteacht, i gcothrom na Féinne agus sa chuntasacht. Tá na Coimisinéirí sásta gur coinníodh na caighdeáin arda i mbliana a mbíonn an pobal ag súil leo i riar agus i seachadadh na scrúduithe stáit.

I ndiaidh thrialacha scríofa na hArdteistiméireachta in 2007, chuaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta i gcomhairle le grúpa ionadaíoch de na hiarrthóirí sna scrúduithe, agus ag eascairt as sin chuir Coimisiún na Scrúduithe Stáit grúpa oibre de na comhpháirtithe oideachais ar bun chun machnamh a dhéanamh ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an tráthchlár. Bhreathnaigh an grúpa ar bhealaí a bhféadfaí laethanta luatha na scrúduithe scríofa a athchothromú ionas go mbeadh meascán de pháipéir ann a mbeadh roinnt díobh agus riachtanas láidir scríbhneoireachta iontu agus roinnt eile a mbeadh bonn matamaiticiúil agus eolaíochta fúthu. Ba é an aidhm ná an t-éileamh scríbhneoireachta ar na hiarrthóirí a laghdú, go háirithe sa chéad chuid de phróiseas na scrúduithe. Bhí mar thoradh ar na hathruithe gur chaith na hiarrthóirí níos lú ama go mór san ionad scrúdaithe i laethanta tosaigh na scrúduithe ná mar a tharla le blianta beaga. Bhí de bhuntáiste ag formhór na n-iarrthóirí go raibh leathlá saor acu sna chéad trí lá de na scrúduithe agus chuir idir mhic léinn, thuismitheoirí, scoileanna agus mhúinteoirí fáilte roimh na hathruithe. Rinneadh athbhreithniú arís ar an gclár ama tar éis comhchomhairliúcháin den chineál céanna ag an Aire ag deireadh thimthriall scrúduithe na bliana 2008 agus mar thoradh air sin cuirfear tuilleadh feabhais ar thráthchlár 2009. Mar a tharla cheana, tá na hathruithe seo dírithe ar riachtanais na mac léinn ag

an tráth tábhachtach seo ina saol agus tá súil ag an gCoimisiún go mbeidh tionchar chomh dearfach céanna ag na hathruithe seo ar thráthchlár na bliana 2009 agus a bhí in 2008.

Ní fhéadfadh an Coimisiún a chuid spriocanna agus aidhmeanna a bhaint amach gan an tacaíocht iontach a fhaighimid ó na páirtithe san oideachas agus ó na páirtithe leasmhara eile ar a n-áirítear an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Is mian liom aitheantas a thabhairt freisin don chion a dhéanann príomhoidí scoile, múinteoirí agus cumainn mhúinteoireachta, údaráis scoile agus eagraíochtaí bainistíochta, iarrthóirí, tuismitheoirí agus eagraíochtaí ionadaíochta tuismitheoirí, scrúdaitheoirí, feitheoirí, cúntóirí scrúduithe agus an pearsanra uile a mbíonn baint acu le réachtáil na scrúduithe.

Tugaim aitheantas ar leith don Aire Oideachais agus Eolaíochta agus d'fhoireann na Roinne, agus do na gníomhaireachtaí stáit uile atá páirteach i bpróiseas na scrúduithe, as an tacaíocht a thugann siad. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin d'fhoireann an Choimisiúin a rinne dianobair ar feadh na bliana faoi cheannaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh, Pádraic McNamara, agus a fhoireann bhainistíochta.

Mar fhocal scoir, is mian liom tréaslú le mo cheathrar comh-Choimisinéirí as ucht an tiomantais, na tacaíochta agus na dúthrachta a thugann siad go leanúnach agus atá sárluachmhar.

Richard Langford  
Cathaoirleach

## Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach



**Pádraic McNamara**  
Príomhfheidhmeannach

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2008 ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit a chur in bhur láthair. Tugann an tuarascáil seo sonraí ár gcuid imeachtaí in 2007, an séú bliain d'fheidhmíocht an Choimisiúin ó bunaíodh é in 2003.

Chomh maith le tuairisciú ar chomhlíonadh ár bpríomhfheidhme, tá áthas ar leith orm tuairisc a thabhairt ar shaincheistanna ar nós an dul chun cinn a rinneadh i soláthar tráthchláir athbhreithnithe don Ardteistiméireacht a bhfuil mar chroílár aige fócas níos mó ar riachtanas an mhic léinn agus ar fhorbairt ár Ráitis Straitéise 2008-2010.

Tá cur síos sa Tuarascáil ar shonraí na n-athruithe a bhaineann le trialacha scríofa na hArdteistiméireachta 2008. Cé gur bhain dúshlán lóistíochta leis na hathruithe don Choimisiún, tá léargas soiléir sa chaoi ar cuireadh i ngníomh go rathúil iad ar chumas na heagraíochta chun athrú ar mhórsála a phleanáil agus a chur i bhfeidhm céim ar chéim le riachtanais ár gcustaiméara - an t-iarrthóir sna scrúduithe. Creidim gur sampla iad na hathruithe seo, in éineacht leis na leasuithe ar an tráthchlár do na scrúduithe scríofa in 2009, den chaidreamh dlúth oibre atá idir na páirtithe oideachais, rud a cuireadh ag obair ar son leas na mac léinn.

Tógann Ráiteas Straitéise 2008-2010 ar bhunsraith láidir a leag an Coimisiún síos inár gcéad athbhreithniú straitéise in 2005. Díritear sa ráiteas sin ar ár bpríomhchuspóir, mar atá, creidiúnacht na scrúduithe stáit a choinneáil agus a fheabhsú trí scrúduithe agus córas measúnaithe d'ardchaighdeán a chur ar fáil, le béim leanúnach ar dhearbhu cáilíochta agus ar dhearscnaitheacht feidhmíochta. Lena chois sin, soláthraíonn sé bunchloch ar a ndéanfaidh an eagraíocht a croígnó a sheachadadh le linn di a cumas chun freagairt do na dúshlán sa

todhchaí a fhorbairt i gcomhshaol oideachasúil a bhíonn ag síorathrú.

Ar son na foirne bainistíochta, is mian liom buíochas a ghlacadh le foireann uile an Choimisiúin as ucht a ndíograise agus na hoibre a rinne siad in 2008. Is mian liom an deis seo a thapú freisin chun buíochas a ghlacadh leis na húdaráis scoile agus a lucht foirne, leis na tuismitheoirí, na scoláirí, na scrúdaitheoirí, na feitheoirí agus leis an bpearsanra uile a thugann cúnamh iontach gach bliain le riar na scrúduithe stáit.


Agus ar deireadh is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis an gcúigear Coimisinéirí faoi chathaoirleacht an Uas. Richard Langford, as ucht a dtreorach, a gcomhairle agus a dtacaíochta gan staonadh le linn 2008.

Pádraic McNamara  
Príomhfheidhmeannach


## Achoimre ar Staitisticí na Scrúduithe

	An Ardteistiméireacht	An Ardteistiméireacht Fheidhmeach	An Teastas Sóisearach	Iomlán
Iarrthóirí	52,143	3,400	55,940	111,483
Ábhair churaclaim	34	28	27	89
Ábhair neamhchuraclaim	15	0	0	15
Míreanna Tástála	127	58	69	254
Comhpháirteanna a Scrúdaíodh	825,981	63,640	1,013,622	1,903,243
Gráid	360,856	41,834	558,547	961,237
Achomhairc (Gráid)	11,284	51	2,986	14,321

### LÍON NA NIARRTHÓIRÍ SNA SCRÚDUITHE STÁIT



### CATAGÓIRÍ NA NIARRTHÓIRÍ ARDTEISTIMÉIREACHTA



# Achoimre ar Staitisticí na Scrúduithe

## RÁTAÍ RANPHÁIRTÍOCHTA SAN ARDTEISTIMÉIREACTH (BHUNAITHE)

Léiríonn an tábla seo a leanas na rátaí rannpháirtíochta sna cúig ábhar déag ba mhó éileamh i scrúdú na hArdteistiméireachta in 2008, agus déantar comparáid idir iad agus na rátaí rannpháirtíochta sna hábhair chéanna i scrúdú na bliana 2007.

Ord Éilimh 2008	Ábhar	Iarthóirí	Céatadán an Chohóirt	Ord Éilimh 2007	Iarthóirí	Céatadán an Chohóirt
1	Matamaitic	50,121	96.1%	1	49,044	96.4%
2	Béarla	49,383	94.7%	2	48,454	95.3%
3	Gaeilge	44,660	85.6%	3	44,019	86.5%
4	Fraincis	27,697	53.1%	4	27,812	54.7%
5	Bitheolaíocht	26,607	51.0%	5	25,792	50.7%
6	Tíreolaíocht	24,361	46.7%	6	24,220	47.6%
7	Gnó	18,733	35.9%	7	18,958	37.3%
8	Eacnamaíocht Bhaile	12,499	24.0%	8	12,260	24.1%
9	Stair	11,850	22.7%	9	11,366	22.3%
10	Ealaín	10,387	19.9%	10	10,131	19.9%
11	Staidéar Foirgníochta	8,713	16.7%	11	8,342	16.4%
12	Gearmáinis	7,466	14.3%	12	7,539	14.8%
13	Ceimic	7,114	13.6%	14	6,927	14.3%
14	Fisic	7,113	13.6%	13	7,251	13.6%
15	Cuntasaíocht	6,837	13.1%	15	6,814	13.4%

Tháinig athrú ar ord na nábhar Fisic (ón 13ú go dtí an 14ú háit) agus Ceimic (ón 14ú go dtí an 13ú háit), bunaithe ar rátaí rannpháirtíochta.

## RÁTAÍ RANPHÁIRTÍOCHTA SA TEASTAS SÓISEARACH

Léiríonn an tábla seo a leanas na rátaí rannpháirtíochta sna cúig ábhar déag ba mhó éileamh i scrúdú an Teastais Shóisearaigh in 2008 agus déantar comparáid idir iad agus na rátaí rannpháirtíochta sna hábhair chéanna i scrúdú na bliana 2007.

Ord Éilimh 2008	Ábhar	Iarthóirí	Céatadán an Chohóirt	Ord Éilimh 2007	Iarthóirí	Céatadán an Chohóirt
1	Béarla	55,295	98.8%	1	56,674	98.7%
2	Matamaitic	55,158	98.6%	2	26,539	98.5%
3	OSSP	54,492	97.4%	3	55,857	97.3%
4	Tíreolaíocht	50,967	91.1%	4	51,984	90.6%
5	Stair	50,046	89.5%	5	51,311	89.4%
6	Eolaíocht*	48,950	87.5%	6	50,106	87.3%
7	Gaeilge	47,959	85.7%	7	49,837	86.8%
8	Fraincis	34,147	61.0%	8	35,039	61.0%
9	Staidéar Gnó	32,707	58.5%	9	33,667	58.7%
10	Oideachas Reiligiúnach	24,508	43.8%	10	24,605	42.9%
11	Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh	21,265	38.0%	11	21,821	38.0%
12	Eacnamaíocht Bhaile	19,797	35.4%	12	20,080	35.0%
13	Teicneolaíocht Ábhar	15,609	27.9%	13	15,804	27.5%
14	Grafaic Theicniúil	11,850	21.2%	14	12,150	21.2%
15	Gearmáinis	9,507	17.0%	15	10135	17.7%

\* San áireamh tá Eolaíocht - Siollabas Leasaithe, Eolaíocht - Siollabas 1989 agus Eolaíocht - Siollabas 1989 le Staidéar Áitiúil. Níor tháinig aon athrú ar an ord na n-ábhar, bunaithe ar rátaí rannpháirtíochta.

# Achoimre ar Staitisticí na Scrúduithe

## LÍON NA nIARRTHÓIRÍ SAN ARDTEISTIMÉIREACTH DE RÉIR ÁBHAR AGUS LEIBHÉAL\*

	Ábhar	Ardleibhéal	Gnáthleibhéal	Bonnleibhéal	Leibhéal Comónta	IARRTHÓIRÍ
1	Matamaitic	8,510	35,808	5,803		50,121
2	Béarla	31,793	17,590			49,383
3	Gaeilge	13,994	25,820	4,846		44,660
4	Fraincis	14,225	13,472			27,697
5	Bitheolaíocht	18,322	8,285			26,607
6	Tíreolaíocht	18,268	6,093			24,361
7	Gnó	12,154	6,579			18,733
8	Nascmhodúil CGAT	–	–		14,513	14,513
9	Eacnamaíocht Bhaile	8,754	3,745			12,499
10	Stair	7,601	4,249			11,850
11	Ealaín	7,862	2,525			10,387
12	Staidéar Foirgníochta	6,848	1,865			8,713
13	Gearmáinis	4,440	3,026			7,466
14	Ceimic	5,904	1,210			7,114
15	Fisic	4,929	2,184			7,113
16	Cuntasaíocht	4,811	2,026			6,837
17	Líníocht Theicniúil	3,051	2,434			5,485
18	Innealtóireacht	3,637	1,230			4,867
19	Ceol	4,770	510			5,280
20	Eacnamaíocht	3,426	997			4,423
21	Eolaíocht Talmhaíochta	3,712	1,026			4,738
22	Spáinnis	1,592	1,373			2,965
23	Matamaitic Fheidhmeach	1,288	107			1,395
24	Léann Clasaiceach	683	83			766
25	Fisic & Ceimic	454	144			598
26	Oideachas Reiligiúnach	610	168			778
27	Iodáilis	145	112			257
28	Rúisis	230	15			245
29	Araibis	119	7			126
30	Laidin	117	5			122
31	Eacnamaíocht Talmhaíochta	71	1			72
32	Seapáinis	99	28			127
33	Gréigis Arsa	6	0			6
34	Staidéar Eabhraise	0	1			1

\* Ábhair Churaclaim amháin




# Achoimre ar Staitisticí na Scrúduithe

## LÍON NA IARRTHÓIRÍ SA TEASTAS SÓISEARACH DE RÉIR ÁBHAR AGUS LEIBHÉAL

	Ábhar	Ardleibhéal	Gnáthleibhéal	Bonnleibhéal	Leibhéal Comónta	IARRTHÓIRÍ
1	Béarla	36,938	16,309	2,048		55,295
2	Matamaitic	23,634	26,384	5,140		55,158
3	OSSP	–	–		54,492	54,492
4	Tíreolaíocht	40,108	10,859			50,967
5	Stair	32,806	17,240			50,046
6	Eolaíocht*	33,754	15,196			48,950
7	Gaeilge	22,210	22,817	2,932		47,959
8	Fraincis	23,585	10,562			34,147
9	Staidéar Gnó	22,317	10,390			32,707
10	Oideachas Reiligiúnach	18,905	5,603			24,508
11	Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh	14,705	6,560			21,265
12	Eacnamaíocht Bhaile	14,629	5,168			19,797
13	Teicneolaíocht Ábhar	11,732	3,877			15,609
14	Grafaic Theicniúil	7,341	4,509			11,850
15	Gearmáinis	6,705	2,802			9,507
16	Ceol	7,497	1,825			9,322
17	Miotalóireacht	5,388	2,334			7,722
18	Spáinnis	3,072	1,413			4,485
19	Teicneolaíocht	1,927	407			2,334
20	Staidéar Comhshaoil & Sóisialta	149	560			709
21	Staidéar Clasaiceach	530	83			613
22	Laidin	391	27			418
23	Clóscríbhneoireacht	94	170			264
24	Iodáilis	241	150			391
25	Gréigis Ársa	29	2			31
26	Staidéar Eabhraise	1	0			1

\*San áireamh tá Eolaíocht - Siollabas Leasaithe, Eolaíocht - Siollabas 1989 agus Eolaíocht - Siollabas 1989 le Staidéar Áitiúil



**CAIBIDIL 1**  
COIMISIÚN NA SCRÚDUI THE  
STÁIT I gCOMHTHÉACS

# Caibidil 1

## COIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT i gCOMHTHÉACS

Comhlacht reachtúil is ea Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a bhunaigh an Rialtas i Mí an Mhárta 2003. Ghlac an Coimisiún freagracht as reáchtáil scrúduithe teistiméireachta an Stáit ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta ó 2003 anuas. Bunaíodh é mar chomhlacht poiblí ina bhfuil foireann státseirbhíseach ag obair. Is é an Rialtas a cheap an cúigear coimisinéirí neamhfheidhmiúcháin ar ainmniúchán an Aire Oideachais agus Eolaíochta. Tá foireann bhuan 179 duine faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh ag tacú leis an gCoimisiún. Is é gnó CSS ná measúnú agus teistiúchán na scrúduithe dara leibhéal de chuid Stát na hÉireann: an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht, agus scrúduithe áirithe ceirde agus gairme.



Is iad seo a leanas feidhmeanna CSS:

- reáchtáil na scrúduithe a eagrú
- scrúdpháipéir agus ábhair eile scrúdaithe a ullmhú
- gnáthaimh a shocrú chun scrúduithe a riar agus a mhaoirsiú
- marcáil na hoibre a chuirtear isteach ar scrúdú a eagrú
- torthaí scrúduithe a eisiúint
- gnáthaimh a shocrú d'athbhreithniú agus d'achomharc torthaí scrúduithe ar iarratas ó na hiarrthóirí
- táillí scrúduithe a ghearradh agus a bhailiú
- ionaid ina bhféadfaí scrúduithe a thionól a ainmniú

I measc chomhpháirtithe oideachais agus pháirtithe leasmhara CSS tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), príomhoidí scoile, múinteoirí agus cumainn mhúinteoireachta, údaráis scoile agus comhlachtaí bainistíochta, iarrthóirí, tuismitheoirí agus comhlachtaí ionadaithe na dtuismitheoirí. Tuigeann CSS go bhfuil géarghá le comhoibriú agus comhairliúchán leanúnach leis na comhpháirtithe oideachais agus na páirtithe leasmhara go léir chun aidhmeanna na heagraíochta a bhaint amach.

Táimid ag cloí leis an bhformáid chéanna sa tuarascáil seo agus a bhí againn sna blianta roimhe seo, ar mhaithe le bheith ábalta comparáid a dhéanamh go héasca le blianta eile. Déantar athbhreithniú sa Tuarascáil Bhliantúil ar an dul chun cinn a rinneadh i gcaitheamh na bliana maidir le feidhmiú na spriocanna atá leagtha amach ag an eagraíocht i Ráiteas Straitéise 2008-2010. Cuimsíonn an ráiteas tiomantas CSS do scrúduithe agus do sheirbhís mheasúnachta den scoth a chur ar fáil, agus d'eagraíocht a fhorbairt bonn ar bhonn le clár na seirbhíse poiblí maidir leis an nua-chóiriú. Cuirfidh feidhmiú an Ráitis Straitéise ar chumas na heagraíochta soláthar na scrúduithe stáit a fheabhsú agus, san am céanna, an cumas a fhorbairt chun freagairt go héifeachtúil do dhúshlán amach anseo.

# Caibidil 1

## AN EAGRAÍOCHT

### NA COIMISINÉIRÍ

Tá sainordú ag na Coimisinéirí ina gcuid dualgas faoi Ordú (Bunú) Choimisiún na Scrúduithe Stáit 2003. Ceapadh Bord Coimisinéirí nua le héifeacht ó 6 Márta 2006. Is iad sin:



An tUasal Richard Langford  
*Cathaoirleach,  
Iar-Phríomhfheidhmeannach,  
Coiste Gairmoideachais  
Chathair Chorcaí*



An Dr Séamus Ó Canainn  
*Leas-Chathaoirleach,  
Stiúrthóir, Ionad Oideachais na  
Carraige Duibhe*



An tSiúr Consolata Bracken  
*Iar-Phríomhoide Scoile*




An tUasal Ivor Gleeson  
*Rúnaí na Lár-Oifige Iontrála*



An tUasal Eleanor Walsh  
*Bean ghnó agus iarmhúinteoir*

# Caibidil 1

## AN FHOIREANN ARDBHAINISTÍOCHTA



\* Tháinig Michael Kiely in áit Dermot Ryan a chuaigh ar scor i nDeireadh Fómhair 2008.

# Caibidil 1

## COIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT i gCOMHTHÉACS

### LUACHANNA EAGRAÍOCHTÚLA

Ghlac Coimisiún na Scrúduithe Stáit chuige sraith de luachanna comhaontaithe a mhúnlóidh agus a éascóidh éifeachtacht na heagraíochta agus a shocróidh an fráma tagartha do na gníomhaíochtaí uile atá ar siúl againn.

Is iad seo na luachanna:

**IONRACAS** a chlúdaíonn na hidéil seo: ionracas, iontaofacht, neamhchlaontacht, cóimheas, buanseasmhacht, oscailteacht, cothroime agus follasacht.

**FEABHAS** a bhaineann le tréaniarracht a chur isteach, a bheith gairmiúil, a bheith ag iarraidh feabhsú i gcónaí agus a bheith chun tosaigh sa réimse ina bhfuilimid ag feidhmiú.

**COMHPHÁIRTÍOCHT** a thagraíonn do mhodh oibre lena mbaineann dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon, aiseolas macánta a lorg agus gníomhú go comhoibríteach i dtreo comhaidhmeanna.

**CUNTASACHT** a thagraíonn dár bhfreagracht dár bpáirtithe leasmhara táirge den scoth ar shárleibhéal seirbhíse a sholáthar a thugann luach ar airgead don phobal.

**SOLÚBTHACHT** a bhaineann le bheith in ann freagairt go héifeachtúil agus go héifeachtach do na hathruithe a thagann ó na fórsaí inmheánacha agus seachtracha, a bheith in ann cur chuige forásach a ghlacadh faoin gcaoi ina gcuirimid ár bhfeidhmeanna gnó i gcrích agus a bheith oscailte do mhodhanna nua agus do thuairimí maidir le feabhsúchán.

### SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL


Tá CSS ag obair i dtreo ceithre sprioc lárnacha. Is iad sin:

1. Creidiúnacht scrúduithe stáit na hÉireann a chaomhnú agus a fheabhsú trí chóras ardchaighdeáin scrúduithe agus measúnaithe a chur ar fáil agus fócas leanúnach a bheith **ar ráthú caighdeán agus ar bharr feabhais feidhmíochta**.
2. **Cothromas agus cothroime** a bheith mar bhonn leis an gcóras scrúduithe chun a chur ar chumas na n-iarthóirí uile a gcuid gnóthachtála a léiriú.
3. **Eagraíocht chumasach, sholúbtha, éifeachtach** a fhorbairt.
4. **Sofhreagracht agus cuntasacht** a léiriú, mar aon leis na caighdeáin is airde sa tseirbhís dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara uile.

Cuireann tuarascáil bhliantúil 2008 béim ar an dul chun cinn atá déanta ag an eagraíocht i gcur i gcrích na spriocanna sin.

### Roinnt d'eocharphointí na bliana:

- Cur i bhfeidhm rathúil tráthchlár leasaithe na hArdeistiméireachta a bhí ceaptha leis an éileamh scríbhneoireachta ar iarrthóirí sna chéad laethanta de na scrúduithe a laghdú
- Mar chuid de na hiarrachtaí leanúnacha chun seachadadh seirbhíse trí Ghaeilge a fheabhsú, d'fhoilsigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit leagan Gaeilge de na scéimeanna marcála den tríú cuid de na hábhair uile Ardeistiméireachta in 2008 den chéad uair. Ba iad na hábhair a raibh aistriúcháin Ghaeilge ar scéimeanna marcála ar fáil dóibh in 2008 ná Matamaitic, Fraicis, Bitheolaíocht, Tíreolaíocht, Stair, Eacnamaíocht Bhaile, Nasc-Mhodúil Chlár Gairmiúil na hArdeistiméireachta agus Fisic.
- Seirbhís ar líne a bheith ar fáil go leanúnach ag iar-iarthóirí den chun teastas fianaithe dá gcuid torthaí sna scrúduithe a iarraidh agus chun íoc as. D'eisigh an Coimisiún tuairim is 6,500 teastas sa bhliain 2008 i gcomparáid le 4,500 teastas ar meán sna blianta roimhe sin. Dealraíonn sé go raibh mar thoradh ar an tseirbhís ar líne a thabhairt isteach méadú suntasach ar iarratais ar theastais fhianaithe.
- Forbairt phlean úr straitéise trí bliana don Choimisiún le haghaidh na tréimhse 2008-2010.







**CAIBIDIL 2**  
**ATHBHREITHNIÚ AR 2008**

# Caibidil 2

## ATHBHREITHNIÚ AR 2008

### *Spríoc Ardleibhéil 1:*

*Creidiúnacht Scrúduithe Stáit na hÉireann a chaomhnú agus a fheabhsú trí chóras ardchaighdeáin scrúduithe agus measúnaithe a chur ar fáil agus fócas leanúnach a bheith ar ráthú caighdeáin agus ar bharr feabhais feidhmíochta.*

### *Spríoc Ardleibhéil 2:*

*Cothromas agus cothroime a bheith mar bhonn leis an gcóras scrúduithe chun a chur ar chumas na n-iarrthóirí uile a gcuid gnóthachtála a léiriú.*

### **Bhí an bhliain 2008 ina bliain ghnóthach dhúshlánach eile don eagraíocht.**

Is oibríocht ábhalmhór lóistíochta é réachtáil na scrúduithe. Chun an pointe seo a léiriú, is fiú a thabhairt faoi deara go raibh na gníomhaíochtaí agus torthaí seo a leanas ag roinnt leis na scrúduithe in 2008:

- Scrúduithe a chur ar fáil do 111,483 iarrthóir sna cláir scrúduithe go léir; 55,940 iarrthóir sa Teastas Sóisearach, 52,143 iarrthóir san Ardeistiméireacht, agus 3,400 iarrthóir san Ardeistiméireacht Fheidhmeach
- Soláthar a dhéanamh do scrúduithe in 89 ábhar curaclaim agus i 15 ábhar neamhchuraclaim
- 664 dréachtóir, cóiritheoir agus aistritheoir a fhostú chun 254 comhpháirt éagsúil tástála a fhorbairt - trialacha cluastuisceana, taifeadadh i gcomhair na dtrialacha cluastuisceana, treoracha do scrúduithe praiticiúla agus do thionscadail, gnéithe punainne agus obair chúrsa mar aon leis na scrúdpháipéir scríofa
- 3,082,000 scrúdpháipéar a chur ar fáil ina raibh 37,106,500 leathanach A4
- Socruithe a dhéanamh le 89,541 béaltriala a thaifeadadh
- 4,683 feitheoir a fhostú le feitheoireacht a dhéanamh i 4,683 ionad scrúduithe
- 15,522 socrú réasúnta a dhéanamh chun cuidiú le hiarrthóirí a bhfuil riachtanais ar leith acu na scrúduithe teistiméireachta a dhéanamh, agus mar thoradh air sin 7,129 ionad scrúduithe speisialta a bhunú
- 6,264 scrúdaitheoir a fhostú chun na scrúduithe a mharcáil; 4,002 scrúdaitheoir don obair scríofa, 1,099 scrúdaitheoir do na béaltrialacha agus 1,163 scrúdaitheoir don obair phraiticiúil

- 1.9 milliún de mhíreanna tástála ar leith a scrúdú, ar a n-áirítear scrípteanna na scrúduithe scríofa, píosaí ealaíne agus ceardaíochta, píosaí d'obair thionscadail agus d'obair phraiticiúil a bhaineann le Staidéar Foirgníochta agus le hInnealtóireacht san Ardeistiméireacht, agus, sa Teastas Sóisearach, le Míotalóireacht, le Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) agus le Teicneolaíocht, le béaltrialacha, le hiriseáin obair chúrsa, le tuairiscí ar thaighde agus le punanna
- 961,237 grád ar leith agus 111,483 teastas scrúdaithe a bhronnadh
- 433,212 script mharcáilte a chur ar ais chuig na scoileanna le go mbreathnófaí orthu
- 14,321 achomharc a phrúiseáil.

### **TORTHAÍ NA SCRÚDUITHE 2008**

Bhí líon iomlán na n-iarrthóirí a rinne an Ardeistiméireacht mórán mar an gcéanna le figiúirí 2007 - méadú beag ó 53,894 iarrthóir go dtí 55,543 iarrthóir, méadú de thart ar 3%. As cohórt iomlán na hArdeistiméireachta, rinne 3,400 iarrthóir an Ardeistiméireacht Fheidhmeach, rinne 14,513 iarrthóir Clár Gairmiúil na hArdeistiméireachta agus 37,630 iarrthóir Clár bunaithe na hArdeistiméireachta. Tá laghdú tagtha arís, ó 1,880 iarrthóir in 2007 go dtí 1,778 iarrthóir in 2008, ar líon na n-iarrthóirí a rinne an scrúdú athuair.

Tháinig laghdú ar líon iomlán na n-iarrthóirí a rinne an Teastas Sóisearach de thart ar 2.35% ar fhiigiúirí 2007, go dtí 55,940 iarrthóir. Astu sin bhí 1,289 iarrthóir a rinne an scrúdú de thoradh scéimeanna a chuidigh leo filleadh ar an oideachas ar nós an Scéim Deiseanna Oilíúna Gairmoideachais agus an Tionscnamh Filleadh ar an Oideachas. Tháinig méadú beag air go dtí 2.3% den chohórt iomlán.

**In Aguisín D tugtar tuairisc mhionsonraithe staitistiúil ar thorthaí na scrúduithe i ngach ábhar in 2008.** Is anailís chuimsitheach iad na staitisticí seo ar thorthaí scrúduithe 2008, nuair a léitear iad in éineacht le Tuarascálacha foilsithe na bPríomhscrúdaitheoirí i raon ábhar.



# Caibidil 2

## ATHBHREITHNIÚ AR 2008

### BREATHNÚ AR SCRIPTEANNA MARCÁILTE AGUS ACHOMHAIRC

Tá míniú mionsonraithe ar na polasaithe agus ar na próisis a bhuntacaíonn le breathnú na scrípteanna marcáilte agus leis na hachomhairc le fáil i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie).

#### Breathnú ar Scrípteanna

Is oibríocht chuimsitheach lóistíochta é feidhmiú na seirbhíse a chuireann ar chumas iarrthóirí breathnú ar a gcuid scrípteanna. Nuair a eisíodh na torthaí ar Scrúdú na hArdeistiméireachta in 2008 cuireadh suas le 433,212 script mharcáilte ar ais chuig na hionaid scrúduithe do na seisiúin bhreathnóireachta a bhí ann ar 29 agus 30 Lúnasa, 2008.

#### Torthaí na nAchomharc

Ba bheag an líon achomharc a rinneadh i gcás na hArdeistiméireachta i gcoibhneas le líon na ngrád a bronnadh, timpeall 3.1%, mar a bhí sna blianta roimhe sin. In 2008, bronnadh níos mó ná 360,856 grád ar 52,143 iarrthóir i scrúduithe na hArdeistiméireachta (Bunaithe agus CGAT). Rinne 6,369 iarrthóir san iomlán iarratas ar achomhairc i gcoinne 11,284 grád, agus rinneadh 2,207 grád díobh sin a uasghrádú. Is é líon na n-achomharc a rinneadh in 2007 ná 9,913. Rinneadh os cionn 2,986 achomharc i gcoinne na ngrád a tugadh sa Teastas Sóisearach agus próiseáladh roinnt bheag achomharc in ábhair de chuid Chlár na hArdeistiméireachta Feidhmí. **Léiríonn Tábla 21 in Aguisín D staitisticí mionsonraithe na n-achomharc i ngach clár.**

Úsáidtear próiseas na n-achomharc freisin mar fhiosrú breise ar cháilíocht na caoi ar próiseáladh na torthaí an chéad uair. Tharla de bharr na gné seo den phróiseas go ndearnadh 51 toradh a uasghrádú san Ardeistiméireacht in 2008 cé nach ndearna na hiarrthóirí achomharc sna cásanna sin.

### SÁRÚ AR RIALACHÁIN NA SCRÚDUITHE

Má bhíonn aon leid, amhras nó líomhain ann go raibh aon ní míchuí ag baint leis na scrúduithe, déanann an Coimisiún an scéal a iniúchadh. Tá roinnt pionós ann is féidir a chur i bhfeidhm má chruthaítear an t-ábhar amhrais nó na líomhaintí. Orthu sin tá an toradh san ábhar a bhí i gceist a choinneáil siar, toradh an

scrúdaithe ina iomláine a choinneáil siar ón iarrthóir, nó cosc a chur ar iarrthóir aon scrúdú stáit a dhéanamh go ceann tréimhse ama ar leith. Tá míniú mionsonraithe ar pholasaithe Choimisiúin na Scrúduithe Stáit maidir le sárú na rialacháin le fáil sa chéad tuarascáil bhliantúil a d'eisigh an Coimisiún in 2003 agus atá ar fáil ar [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie). Tá cuntas ansin freisin ar an reachtaíocht a bhuntacaíonn leis an bpolasaí sin.

Coinníodh siar 50 grád i roinnt ábhar agus clár tar éis Ardeistiméireacht na bliana seo. Orthu sin bhí Gaeilge, Béarla, Matamaitic, Stair, Fraincis, Ceimic, Bitheolaíocht, Liníocht Theicniúil, Cuntasaíocht, Eacnamaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Oideachas Reiligiúnach, Nascmhodúil Chlár Gairmiúil na hArdeistiméireachta agus an Ardeistiméireacht Fheidhmeach. Coinníodh siar na gráid tar éis iniúchadh cuimsitheach ina ndearnadh teagmháil leis na scoileanna agus, trí údarais na scoileanna, leis na hiarrthóirí a bhí i gceist. Thug sé sin deis d'iarrthóirí freagra a thabhairt ar na ceisteanna a bhí á meas ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Is féidir achomharc a dhéanamh má choinnítear siar torthaí.

### TUAIRISCÍ NA bPRÍOMHSCRÚDAITHEOIRÍ

Soláthraíonn tuairiscí na bPríomhscrúdaitheoirí athbhreithniú ar ghnóthachtáil na n-iarrthóirí sna scrúduithe agus tá anailís shonrach iontu ar gach gné de phróiseas na scrúduithe. Bíonn moltaí iontu freisin do mhúinteoirí agus do mhic léinn. Foilsítear tuairiscí ar roinnt áirithe ábhar agus clár gach bliain. Ag éirí as scrúduithe 2008, tá Tuairiscí na bPríomhscrúdaitheoirí ullmhaithe sna hábhair seo a leanas:

An Teastas Sóisearach	An Ardeistiméireacht
Oideachas Reiligiúnach	Ceimic
Gearmáinis	Béarla
Stair	Gaeilge
Spáinnis	Laidin
Grafaic Theicniúil	Fisic
Fraincis	Oideachas Reiligiúnach
Laidin	

Fíor 2.1. Tuairiscí na bPríomhscrúdaitheoirí 2008

Foilsítear na tuairiscí sa rannóg Cartlann Ábhar Scrúdaithe de shuíomh gréasáin an Choimisiúin [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie).

# Caibidil 2

## ATHBHREITHNIÚ AR 2008

### MEASÚNACHT AR SHIOLLABAIS LEASAITHE

#### An Eolaíocht sa Teastas Sóisearach

Rinne 48,950 iarrthóir san iomlán scrúdú Eolaíochta sa Teastas Sóisearach in 2008 mar seo a leanas:

	Ardleibhéal	Gnáthleibhéal	Iomlán
Eolaíocht (Leasaithe)	33,566	15,125	48,691
Eolaíocht (1989)	188	71	259
Eolaíocht le Staidéar Áitiúil	0	0	0
<b>IOMLÁN</b>	<b>33,754</b>	<b>15,196</b>	<b>48,950</b>

Fíor 2.2 Líon na nIarrthóirí a Rinne Eolaíocht an Teastais Shóisearaigh in 2008

Ba í 2008 an tríú bliain a ndearnadh measúnú ar chlár leasaithe na hEolaíochta sa Teastas Sóisearach. Ba í an bhliain deiridh í inar cuireadh scrúduithe ar fáil don Eolaíocht (Siollabas 1989) agus don Eolaíocht le Staidéar Áitiúil.

### TRÁTHCHLÁR NA HARDTEISTIMÉIREACHTA

#### Scrúduithe Scríofa 2008

Is fada tráthchlár na scrúduithe, tráthchlár na laethanta tosaigh go háirithe, á lua mar fhoinsé brú mhíchúir ar iarrthóirí. Chomh maith leis sin, tá sé ag éirí níos deacra don Choimisiún i rith an ama tráthchlár inoibrithe a chur le chéile le haghaidh 34 ábhar curaclaim san Ardeistiméireacht in imeacht tréimhse 13 lá. Ar na tosca nach mór a chur san áireamh agus an tráthchlár á chur le chéile tá an dáta a bhfuiltear ag súil na torthaí a eisiúint; a oiread ama agus is féidir a bheith ar fáil chun na scrúduithe a mharcáil; gearradh anuas ar an seans go mbeadh ábhair ag teacht salach ar a chéile; tionchar an tráthchláir ar na mic léinn; agus cúrsaí buiséid agus luach ar airgead.

Tar éis athbhreithniú ar an tráthchlár ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta i dtreo dheireadh 2007, chuir Coimisiún na Scrúduithe Stáit Grúpa Oibre ar bun de na páirtithe oideachais chun tráthchlár nua a cheapadh a dhéanfaidh laethanta tosaigh na scrúduithe scríofa a chothromú athuair le go mbeadh meascán de pháipéir ann a mbeadh go leor scríbhneoireachta i gceist le cuid acu agus bunús matamaitice agus eolaíochta le cuid eile acu. Ba é an aidhm an brú ar

iarrthóirí a laghdú. Ghlac an tAire le moltaí an ghrúpa agus thug an tráthchlár úr deis cothromaíocht níos fearr a bheith sna chéad laethanta idir ábhair a dhéanann na hiarrthóirí uile beagnach agus ábhair nach ndéanann ach cohórt beag d'iarrthóirí. Laghdaíodh ar an gcaoi sin an t-ualach ar na hiarrthóirí sna laethanta tosaigh. De bharr na n-athruithe sin sa mheascán ábhar sna chéad laethanta chaith na hiarrthóirí i bhfad níos lú ama san ionad scrúduithe ná mar a chaithheadh le bliana beaga anuas. Bhí leathlá saor ag formhór na n-iarrthóirí le linn na dtírlá tosaigh de na scrúduithe.

Bhí mórán an leagan amach céanna ar thráthchlár na hArdeistiméireachta ar feadh na mblianta, go háirithe sa chéad seachtain de na scrúduithe, Béarla Páipéir 1 & 2 ar an gcéad lá, Matamaitic Páipéir 1 ar an dara maidin, agus Gaeilge Páipéir 1 tráthnóna, Gaeilge Páipéir 2 ar an tríú maidin agus Eacnamaíocht Bhaile (Sóisialta & Eolaíochta) ar an 3ú tráthnóna sin. Bhí athruithe móra ar thráthchlár nua 2008 sa chéad seachtain agus an fócas ar riachtanais na n-iarrthóirí i gcroílár na n-athruithe. In 2008 bhí Béarla Páipéir 1 ar an gcéad scrúdú i gcónaí ach tháinig Eacnamaíocht Bhaile (Sóisialta & Eolaíochta) ina dhiaidh. Bhí Béarla Páipéir 2 ann an dara maidin agus Ceimic tráthnóna. Bhí Matamaitic Páipéir 1 ann ar an tríú lá agus Tíreolaíocht an tráthnóna sin. Bogadh Gaeilge Páipéir 1 agus 2 go dtí an dara seachtain agus iad scartha thar dhá lá.

SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA			
AM	CÓRSA	MEITHEAMH	ARDEISTIMÉIREACHT
9:45 - 11:45	Séara Sóna Cumarsáil	DE CEADAIN 4	Béarla, Páipéir 1 - A & G Eacnamaíocht Bhaile - A & G
9:50 - 10:30	Gaeilge Chomhcheimic	DEADAIN 5	Béarla, Páipéir 2 - A & G Ceimic - A & G
10:30 - 11:30	Treang Chomhcheimic (Séara 10:45)	DE CEADAIN 6	Matamaitic Páipéir 1 - A & G & R Treang Chomhcheimic - A & G & R
11:30 - 11:50	Fachlannas Matamaitice	DE LIUAN 9	Matamaitic Páipéir 2 - A & G & R Ceimic - A & G
11:50 - 12:30	Leabharlann Oideachais Teicneolaíochta	DE LIUAN 10	Gaeilge Páipéir 1 - A & G Gaeilge Páipéir 2 - A & G Gaeilge Páipéir 3 - A & G Gaeilge Páipéir 4 - A & G Gaeilge Páipéir 5 - A & G Gaeilge Páipéir 6 - A & G Gaeilge Páipéir 7 - A & G Gaeilge Páipéir 8 - A & G Gaeilge Páipéir 9 - A & G Gaeilge Páipéir 10 - A & G Gaeilge Páipéir 11 - A & G Gaeilge Páipéir 12 - A & G Gaeilge Páipéir 13 - A & G Gaeilge Páipéir 14 - A & G Gaeilge Páipéir 15 - A & G Gaeilge Páipéir 16 - A & G Gaeilge Páipéir 17 - A & G Gaeilge Páipéir 18 - A & G Gaeilge Páipéir 19 - A & G Gaeilge Páipéir 20 - A & G
12:30 - 1:30	Ára Leasúil / Cúrsaí Páil	DE LIUAN 11	Matamaitic Páipéir 1 - A & G & R Treang Chomhcheimic - A & G & R
1:30 - 2:30	Chomhcheimic / Ceimic	DEADAIN 12	Béarla, Páipéir 1 - A & G Eacnamaíocht Bhaile - A & G
2:30 - 3:30	Leabharlann Oideachais Teicneolaíochta	DE LIUAN 13	Matamaitic Páipéir 2 - A & G & R Ceimic - A & G
3:30 - 4:30	Chomhcheimic / Ceimic	DEADAIN 14	Béarla, Páipéir 2 - A & G Eacnamaíocht Bhaile - A & G
4:30 - 5:30	Leabharlann Oideachais Teicneolaíochta	DE LIUAN 15	Matamaitic Páipéir 3 - A & G & R Ceimic - A & G
5:30 - 6:30	Chomhcheimic / Ceimic	DEADAIN 16	Béarla, Páipéir 3 - A & G Eacnamaíocht Bhaile - A & G
6:30 - 7:30	Leabharlann Oideachais Teicneolaíochta	DE LIUAN 17	Matamaitic Páipéir 4 - A & G & R Ceimic - A & G
7:30 - 8:30	Chomhcheimic / Ceimic	DEADAIN 18	Béarla, Páipéir 4 - A & G Eacnamaíocht Bhaile - A & G
8:30 - 9:30	Leabharlann Oideachais Teicneolaíochta	DE LIUAN 19	Matamaitic Páipéir 5 - A & G & R Ceimic - A & G
9:30 - 10:30	Chomhcheimic / Ceimic	DEADAIN 20	Béarla, Páipéir 5 - A & G Eacnamaíocht Bhaile - A & G

# Caibidil 2

## ATHBHREITHNIÚ AR 2008

D'ainneoin na n-athruithe ar an tráthchlár níorbh fhéidir a shocrú nach mbeadh roinnt ábhar ag teacht salach ar a chéile i gcónaí. In 2008 tharla sin i gcás roinnt ábhar. Orthu sin Matamaitic Fheidhmeach agus Eolaíocht Talmhaíochta; Iodáilis agus Innealtóireacht; Araibis agus Gaeilge; Staidéar Foirgníochta agus Staidéar Clasaiceach; Gaeilge agus Rúisis; Innealtóireacht agus Seapáinis; Rómáinis agus Oideachas Reiligiúnach; agus Liotuáinis agus Oideachas Reiligiúnach. Rinneadh socrúithe le freastal ar na hiarrthóirí a bhí ag déanamh ábhar a tháinig salach ar a chéile ar an tráthchlár, ach bhí níos mó ama le caitheamh acu in ionad na scrúduithe ar an lá dá bharr.

sna laethanta tosaigh de na scrúduithe agus chun gearradh anuas ar an mbaol go dtiocfadh ábhair salach ar a chéile. Tá dhá ábhar nua ar thráthchlár athbhreithnithe 2009: Teicneolaíocht agus Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide. Coinneoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceist tráthchlár na scrúduithe faoi athbhreithniú i gcónaí i gcomhar leis na páirtithe oideachais.

### SCRÚDITHE NEAMHSCRÍOFA

Glactar leis de ghnáth gur scrúduithe scríofa cinn chúrsa iad na scrúduithe teistiméireachta, go mór mór san Ardeistiméireacht. Ach tá scrúduithe ilpháirteacha ina ngné rialta de na scrúduithe anois. Tá na hábhair éagsúla á bhforbairt i gcónaí ó thaobh siollabais agus modhanna measúnachta de. Tá modhanna éagsúla measúnachta in úsáid le raon leathan eolais, scileanna agus inniúlachtaí a mheas. San éagsúlacht sin modhanna measúnachta áirítear béaltrialacha, trialacha cluastuisciana agus scrúduithe praiticiúla; agus obair chúrsa ar a áirítear iriseáin, tuairiscí, iniúchtaí, punanna, agallaimh, obair thionscadail agus tascanna oibre.

As na 34 ábhar curaclaim den Ardeistiméireacht tá 16 ábhar acu a scrúdaítear le scrúduithe scríofa amháin agus tá scrúdú ilpháirteach san 18 n-ábhar eile. Bíonn comhpháirteanna scríofa, béil agus cluaise i gceist i measúnú na dteangacha curaclaim san Ardeistiméireacht, mar shampla, agus bíonn comhpháirteanna scríofa, cluaise agus seanma i gceist i measúnú an cheoil.

### Béaltrialacha

Bhí na béaltrialacha i dteangacha na hArdeistiméireachta ar siúl sa tréimhse 7-18 Aibreán 2008 agus theastaigh 1099 scrúdaitheoir do na scrúduithe seo.

Bhí sé deacair i mbliana arís dóthain scrúdaitheoirí a earcú chun béaltrialacha 2008 a chur i gcrích. B'éigean arís iarratas díreach a dhéanamh ar na scoileanna chun a chinntiú go dtiocfadh dóthain múinteoirí chun cinn don obair seo agus go ligfí saor iad don fheidhm riachtanach seo. D'fhreagair údarás scoile agus múinteoirí go fonnmhar don iarratas agus rinneadh na trialacha de réir sceidil.

An Grúpa Oibre a bunaíodh chun an cheist seo a fhiosrú - agus atá comhdhéanta den CSS agus de pháirtithe leasmhara éagsúla ar a n-áirítear an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ceardchumann na múinteoirí, ionadaithe tuismitheoirí, príomhoidí agus

AN ARDEISTIMEIREACHT FHEIDHMEACH		MEITHEAMH	AN ARDEISTIMEIREACHT	
AM	CÚRSA	DE CEADAON	Aimsear A = Ardteicneolaíocht G = Dteicneolaíocht E = Teicneolaíocht	AM
8:00 - 11:05	Béarla agus Cainteoir	3	Béarla, Páipéir 1	A & G 9:30 - 12:30
2:00 - 4:00	Oibríocht Stáda		Comparáid Dháilí - Cainteoir agus Níosa	A & G 7:00 - 8:30
8:00 - 10:00	Gaeilge Chomharsanach (Gaeilge Chomharsanach) (Máth Níosa 1)	4	Béarla, Páipéir 2	A & G 9:30 - 12:30
7:00 - 8:30	Staidéar Chomharsanach (Máth Níosa 4)		Comparáid Dháilí	A & G 2:00 - 4:00
2:00 - 5:00	Staidéar Chomharsanach (Máth Níosa 4)		Comparáid Dháilí	A & G 2:00 - 5:00
9:00 - 11:30	Innealtóireacht Meicnic	5	Méiteolaí - Inghníneoir	A & G & N 9:30 - 12:30
7:00 - 9:30	Innealtóireacht Oibrí agus Tuasnuis		Tuasnuis	A & G 2:00 - 4:30
9:00 - 11:00	Innealtóireacht		Méiteolaí - Páipéir 1	A & G & N 9:30 - 12:30
7:00 - 9:30	Cainteoir Linn - Cainteoir Físe	8	Gaeilge, Páipéir 1	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 2	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 3	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 4	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 5	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 6	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 7	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 8	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 9	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 10	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 11	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 12	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 13	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 14	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 15	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 16	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 17	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 18	A & B & G 1:30 - 4:30
			Gaeilge, Páipéir 19	A & B & G 1:30 - 4:30

### Scrúduithe Scríofa 2009

Nuair a bhí deireadh le scrúduithe 2008 agus de bhun an aiseolais a fuarthas faoi thráthchlár 2008, agus tar éis comhráite ina dhiaidh leis na páirtithe oideachais (i.e. ionadaithe bainistíochta scoileanna, príomhoidí, múinteoirí agus tuismitheoirí), rinneadh tuilleadh athruithe ar an tráthchlár le haghaidh scrúduithe 2009. Is cuid d'iarracht leanúnach iad na hathruithe sin ar mhaithe leis an mbrú ar iarrthóirí a laghdú go háirithe

# Caibidil 2

## ATHBHREITHNIÚ AR 2008

eagraíochtaí bainistíochta scoile - chinn siad ar a gcuid iarrachtaí tosaigh a dhíriú ar shocruithe eile a dhéanamh do na béaltrialacha agus athbhreithniú a dhéanamh ar na socrúithe do na scrúduithe praiticiúla níos déanaí. Tá an Grúpa Oibre ag leanúint dá gcuid oibre i gcónaí.

### Scrúduithe Praiticiúla agus Obair Chúrsa Phraiticiúil

Tá scrúduithe praiticiúla ina gcaitheann iarrthóirí déantán a dhéanamh ag dáta agus am ar leith, nó mar a tharlaíonn i gcás an Cheoil, píosa ceoil a chasadh, ina ngné de scrúduithe na hArdteistiméireachta san Ealaín, san Innealtóireacht, sa Staidéar Foirgníochta agus sa Cheol, agus sa Teastas Sóisearach san Ealaín, Ceardaíocht & Dearadh, san Eacnamaíocht Bhaile, sa Cheol agus sa Mhíotalóireacht.

Bíonn na scrúduithe scríofa, na béaltrialacha, na trialacha cluastuisceana agus na scrúduithe praiticiúla ar siúl ag dáta agus am ar leith, ach déantar an obair chúrsa in imeacht tréimhse ama, faoi threoir an mhúinteora, agus bíonn sé le críochnú faoi spriocdháta ar leith. Bíonn comhphárteanna uilig na scrúduithe i gceist san obair chúrsa phraiticiúil seachas scrúduithe scríofa, béaltrialacha, trialacha cluastuisceana agus trialacha praiticiúla.

Na rialacha agus na rialacháin a bhaineann le réachtáil na scrúduithe, baineann siad le gach píosa oibre a chuirtear i láthair agus ní díreach le hobair na scrúdaithe scríofa amháin. Chun ionracas phróiseas na scrúduithe a choinneáil agus an cothromas idir iarrthóirí a chinntiú, tá gnáthaimh leagtha síos ag CSS, i gcomhar leis na húdaráis scoile, chun iontaofacht na hoibre chúrsa praiticiúla a chuireann na hiarrthóirí isteach a chinntiú. Le blianta beaga anuas tá póstaer curtha amach chuig na scoileanna dírithe ar na hiarrthóirí atá ag déanamh scrúduithe a bhfuil comhphárteanna den obair chúrsa phraiticiúil iontu. Is é aidhm na bpóstaer seo ná léiriú a thabhairt ar na coinníollacha faoina nglactar leis an obair chúrsa phraiticiúil don mheasúnacht, agus freisin iarrthóirí a chur ar an eolas faoin rud a tharlódh mura gcoíofaí leis na rialacha.

In 2008, bhí thart ar 1,163 scrúdaitheoir ag teastáil chun scrúduithe praiticiúla agus obair chúrsa thionscadail a scrúdú don Ardteistiméireacht agus don Teastas Sóisearach. Ba é an scrúdaitheoir céanna a mharcáil script an scrúdaithe scríofa i mí an Mheithimh agus a mharcáil an obair chúrsa phraiticiúil i gcás na dtuairiscí ar Staidéar Taighde sa Stair, na dtuairiscí ar Iniúchadh Tíreolaíochta agus i gcás na n-iriseán san Oideachas Reiligiúnach agus san Eacnamaíocht Bhaile.

### SCÉIM NA SOCRUITHE RÉASÚNTA

Tá CSS tiomanta go hiomlán córas scrúduithe agus measúnachta a sholáthar ina bhfuil na caighdeáin is airde sa chuimsitheacht, sa chothromas agus i gcothrom na Féinne, agus a chuireann ar chumas na n-iarrthóirí uilig a ngnóthachtáil a léiriú.

Is é cuspóir na Socrúithe Réasúnta an drochthionchar a bhíonn ag deacracht fhisiceach nó ag deacracht foghlama ar fheidhmíocht an iarrthóra a laghdú a oiread agus is féidir ionas go mbeidh an t-iarrthóir in ann leibhéal a g(h)nóthachtála a léiriú. Tá polasaí CSS faoi na Socrúithe Réasúnta bunaithe ar mholtaí an Ghrúpa Chomhairligh Saineolaithe ar na Scrúduithe Teistiméireachta a rinne tuairisc ar na gnéithe seo sa bhliain 2000. Breathnaítear ar gach iarratas ar shocruithe réasúnta i bhfianaise Chreat na bPrionsabal a d'ullmhaigh an grúpa.

Soláthraíonn CSS raon beart, de réir chreat na bprionsabal, chun cabhrú le hiarrthóirí a bhfuil riachtanais ar leith acu. As measc rudaí eile, cuirtear léitheoirí agus scríobhaithe ar fáil; scrúdpháipéir leasaithe; scrúdpháipéir Braille agus páipéir mhéadaithe; ceadaítear téipthaifeadáin agus ríomhairí pearsanta a úsáid; agus deonaítear díolúine nó tarscaoileadh i gcás comhphárteanna ar leith. Soláthraítear sa scéim freisin bearta áirithe chun freastal ar scoláirí a bheadh i dtimpiste, tinn nó faoi thionchar imeachtaí trámacha le linn thréimhse na scrúduithe. Sa chás go ndeonaítear díolúine nó tarscaoileadh i gcomhpháirt ar leith, cuirtear nóta ar theastas an scrúdaithe chun an chomhpháirt inar deonaíodh an díolúine a léiriú. Mar shampla, má fuair iarrthóir díolúine ón triail chluastuisceana i scrúdú teanga, thabharfaidh an teastas an méid seo le fios: *"Rinneadh measúnacht ar gach gné seachas comhpháirt na cluastuisceana"*.

Ag cur le gealltanais CSS maidir le trédhearcacht sa chinnteoireacht, is féidir achomharc a dhéanamh le Coiste Neamhspleách Achomhairc maidir le Socrúithe Réasúnta i gcoinne gach cinneadh a dhéanann CSS i dtaca le soláthar socrúithe réasúnta.

In 2008, rinneadh 15,522 socrú réasúnta d'iarrthóirí sna scrúduithe teistiméireachta. Theastaigh ionaid scrúduithe ar leith a bhunú i gcomhair roinnt de na bearta. Léiríonn na táblaí seo a leanas na méaduithe suntasacha a tháinig le blianta beaga anuas ar shocruithe réasúnta agus ar ionaid speisialta.

# Caibidil 2

## ATHBHREITHNIÚ AR 2008

An Cineál Socraithe	2005	2006	2007	2008
Téipthaifeadán	1,043	898	1,054	732
Cúnamh le Léamh	3,357	3,877	4,812	4,970
Scríobhaí	428	550	733	886
Próiseálaí Focal	175	241	330	358
Páipéir Amharc-Mhodhnaithe	171	133	115	103
Díolúine i gComhpháirt/Ábhar	687	997	1,445	1,777
Tarscaoileadh Litrithe/Gramadaí	1,043	5,450	6,219	6,696
IOMLÁN	10,624	12,279	14,708	15,522

Fíor 2.3. Socruithe Réasúnta 2005-2008

Ionaid Speisialta	4,710	5,589	6,572	7,129
-------------------	-------	-------	-------	-------

Fíor 2.4 Ionaid Speisialta

### Breith an Údarás Chomhionannais

I mí na Samhna 2006 rialaigh an Binse Comhionannais i bhfabhar beirt iar-iarrthóirí Ardeistiméireachta ina n-éileamh i gcoinne na Roinne Oideachais agus Eolaíochta go ndearnadh leithcheal orthu faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 - 2004 i ndáil leis an nóta ar a dteastas Ardeistiméireachta. Bhí nótaí míniúcháin ar a dteastais Ardeistiméireachta á chur in iúl gur deonaíodh díolúine nó tarscaoileadh dóibh i gcomhpháirteanna áirithe dá gcuid scrúduithe.

Rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cinneadh an Oifigigh Chomhionannais a achomharc sa Chúirt Chuarda. I nDeireadh Fómhair 2007 rialaigh an Chúirt Chuarda i bhfabhar na Roinne agus tá achomharc déanta in aghaidh an chinnidh sin ag an Údarás Comhionannais agus ag ceann de na chéad ghearánaithe san Ard-Chúirt. Tá an cás ar sceideal le haghaidh éisteachta san Ard-Chúirt in 2009.

### Grúpa Comhairleach ar Shocruithe Réasúnta

Bhunaigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit Grúpa Comhairleach in Eanáir 2007 chun athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí agus ar chleachtas na Socruithe Réasúnta sna scrúduithe stáit. Tá sonraí bhaill an Ghrúpa Chomhairligh, na Téarmaí Tagartha agus achoimre ar an doiciméad comhairleach agus ar ghrúpaí fócais le fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2007 (Igh 20 agus 21). Tá Tuarascáil Bhliantúil 2007 le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin -

[www.examinations.ie](http://www.examinations.ie).

Chuir an Grúpa Comhairleach a dtuarascáil i láthair an Choimisiúin i dtreo dheireadh 2008. Tá an tuarascáil á meas faoi láthair ag an gCoimisiún.

### Éigeandálaí le linn Scrúduithe

Tarlaíonn eachtraí gach bliain a mbíonn tionchar suntasach acu ar iarrthóirí aonarachta nó ar ghrúpaí iarrthóirí agus iad ag réiteach i gcomhair a gcuid scrúduithe nó agus iad á ndéanamh. Cuireann leithéidí drochthinnis, timpistí agus báis as go mór do dhuine nuair is gaol gairid nó cara atá i gceist, agus mothaítear níos mó ná riamh é ag am scrúdaithe - tráth a mbíonn brú mór ar dhaoine cheana féin. Rinne CSS socruithe éigeandála le linn scrúduithe 2008 chun cuidiú le tuairim is 52 iarrthóir a gcuid scrúduithe a dhéanamh.

### Úsáid Foclóirí sna Scrúduithe Teistiméireachta

Tá cead ag iarrthóirí nach í an Ghaeilge ná an Béarla a gcéad teanga úsáid a bhaint as foclóirí dátheangacha aistriúcháin i scrúduithe áirithe. Rinne 2,259 iarrthóir san iomlán iarratas in 2008 ar fhoclóirí dátheangacha a úsáid sna scrúduithe stáit.

### SEIRBHÍS GHAELGE

Tá rogha ag gach iarrthóir atá ag déanamh scrúduithe stáit freagairt i nGaeilge nó i mBéarla. Cuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit leaganacha Gaeilge agus Béarla de na míreanna tástála ar fad sna scrúduithe scríofa ar fáil seachas sna hábhair Gaeilge agus Béarla féin agus ceisteanna ar leith in ábhair theanga eile. Chomh maith leis sin, tá freagrachtaí ar leith ar CSS maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Ag éirí as cinneadh a rinne an Coimisinéir Teanga in 2007 chuir Coimisiún na Scrúduithe Stáit aon trían de na scéimeanna marcála sna hábhair Ardeistiméireachta is mó a fhreagraítear as Gaeilge ar fáil. Ba iad na hábhair sin ná Matamaitic, Francís, Bitheolaíocht, Tíreolaíocht, Stair, Eacnamaíocht Bhaile, Nasc-Mhodúil Chlár Gairmiúil na hArdeistiméireachta agus Fisic. Cuirfear dhá thrian de scéimeanna marcála na hArdeistiméireachta ar fáil as Gaeilge do scrúduithe 2009 agus ó Ardeistiméireacht 2010 amach beidh na scéimeanna marcála do na hábhair Ardeistiméireachta uile ar fáil trí Ghaeilge.



# Caibidil 2

## ATHBHREITHNIÚ AR 2008

### FOGHLAIM FADSAOIL

I scrúduithe teistiméireachta 2008, bhí 1,443 duine d'iarrthóirí na hArdteistiméireachta (bunaithe) agus 633 duine d'iarrthóirí an Teastas Shóisearaigh 23 bliain d'aois nó os a chionn. Bhí 795 duine de na hiarrthóirí Ardteistiméireachta agus 1,289 duine d'iarrthóirí an Teastas Shóisearaigh a d'fhill ar an oideachas trí scéimeanna éagsúla oideachais, an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais agus an Tionscnamh Filleadh ar an Oideachas ina measc.

### ÁBHAIR THEANGA NEAMHCHURACLAIM

Cuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit scrúduithe ar fáil i raon ábhar sa réimse teanga ar a dtugtar teangacha neamhchuraclaim an AE. Ní bhíonn na teangacha sin ar fáil ar ghnáthchuraclam na scoileanna ach is féidir le mic léinn dul faoi scrúdú iontu má shásaíonn siad critéir áirithe. Tá siad seo ar na príomhchoinníollacha nach mór do na hiarrthóirí a shásamh:

- Gur as ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh dóibh
- Go bhfuil an teanga a roghnaíonn siad le dul faoi scrúdú inti á labhairt mar mháthairtheanga acu
- Go bhfuil siad tar éis clár staidéir a leanúint le haghaidh na hArdteistiméireachta
- Go bhfuil siad ag déanamh staidéir ar an mBéarla le haghaidh na hArdteistiméireachta.

Is coinníoll eile é nach féidir le hiarrthóirí dul faoi scrúdú ach in aon teanga neamhchuraclaim amháin eile. Féadfar mioneolas ar an gcúlra a bhaineann le forbairt na scrúduithe seo a fháil i dtuarascáil bhliantúil 2007 atá le fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie).

Chuir 571 iarrthóir isteach ar na teangacha neamhchuraclaim seo a leanas san Ardteistiméireacht in 2008:

- |                       |                       |
|-----------------------|-----------------------|
| ••• An tSeicis        | ••• An Ghréigis (Nua) |
| ••• An Phortaingéilis | ••• An Ollainnis      |
| ••• An Ungáiris       | ••• An tSlóvaicis     |
| ••• An Danmhairgis    | ••• An Laitvis        |
| ••• An tSualainnis    | ••• An Eastóinis      |
| ••• An Liotuáinis     | ••• An Rómáinis       |
| ••• An Fhionlainnis   | ••• An Pholainnis     |
| ••• An Bhulgáiris     |                       |

Bhí cuid de theangacha neamhchuraclaim an AE a ndearna níos lú ná deichniúr iarrthóirí an scrúdú iontu. B'eisceachtaí iad an Ollainnis (28 iarrthóir), an Laitvis (50 iarrthóir), an Liotuáinis (131 iarrthóir), an Pholainnis (171 iarrthóir), an Phortaingéilis (29 iarrthóir), an Rómáinis (67 iarrthóir), an tSlóvaicis (17 iarrthóir) agus an tSualainnis (10 iarrthóir). 541 iarrthóir san iomlán a rinne na scrúduithe i dteangacha neamhchuraclaim an AE san Ardteistiméireacht in 2008.

### RÁITIS NA DTORTHAÍ SCRÚDUITHE

Tugtar ráiteas sealadach na dtorthaí scrúduithe d'iarrthóirí scrúduithe ag an am a eisítear na torthaí i mí Lúnasa agus Meán Fómhair agus arís, nuair is gá, tar éis eisiúint thorthaí na n-achomharc i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna. Ní eisítear na teastais scrúduithe féin nó go mbeidh na próisis achomhairc ar fad críochnaithe. A luaithe a eisítear teastas, ní féidir é a atheisiúint. Má theastaíonn a gcuid torthaí ó iar-iarrthóirí tar éis eisiúint a gcuid teastas tugtar ráiteas deimhnithe na dtorthaí scrúduithe dóibh. Bíonn fáthanna éagsúla ag iar-iarrthóirí leis na ráitis sin a lorg, ar a n-áirítear fostaíocht, rochtain ar níos mó staidéir nó díreach mar chuimhneachán. Tá taifid ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar thorthaí na scrúduithe seo a leanas:

#### An Bord Oideachais Idirmheánach d'Éirinn 1879-1924

Scrúduithe den Ghrád Sóisearach, den Mheánghrád agus den Ghrád Sinsearach

#### An Roinn Oideachais 1925-2002

An Mheánteistiméireacht 1925-1991  
An Teastas Grúpa 1947-1991  
An Teastas Sóisearach 1992-2002  
An Ardteistiméireacht 1924-2002  
An Ardteistiméireacht Fheidhmeach 1997-2002

#### Coimisiún na Scrúduithe Stáit ó 2003 ar aghaidh

An Ardteistiméireacht  
An Teastas Sóisearach  
An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

€12.50 a chosain teastas deimhnithe na dtorthaí scrúduithe in 2008.

In 2008 d'eisigh CSS tuairim agus 6,522 teastas deimhnithe torthaí scrúdaithe. Tá seirbhís ar líne forbartha ag CSS anois d'iarrthóirí ionas gur féidir leo teastas deimhnithe ar a dtorthaí scrúdaithe a ordú

# Caibidil 2

## ATHBHREITHNIÚ AR 2008

agus íoc as. Is in 2007 a cuireadh an tseirbhís sin ar fáil agus go dtí seo fuarthas thart ar 7,710 iarratas ar theastais ar an gcóras ar líne seo. Ó seoladh an tseirbhís, tá líon na n-iarratas ar theastais dheimhnithe tar éis dul i méid go mór.

### PLEANÁIL DO 2009 AGUS NA BLIANTA AMACH ROMHAINN

#### Forbairt Curaclaim

In 2008 d'imir foireann CSS ról gníomhach ar na coistí agus ar na boird éagsúla de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Ar an gcaoi sin, roinneann an Coimisiún a thairbhí ar cheisteanna ginearálta oideachais chomh maith lena shaineolas i dtaca le measúnacht.

#### Forbairt sna hÁbhair Theicneolaíochta sa tSraith Shinsearach

D'ullmhaigh an CNCM ceithre shiollabas nua teicneolaíochta mar chuid den fhorbairt leanúnach sa tsraith shinsearach. Tugadh dhá cheann de na hábhair sin isteach sna scoileanna i Meán Fómhair 2007 agus scrúdófar iad den chéad uair mar chuid den Ardeistiméireacht in 2009. Is iad sin Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide agus Teicneolaíocht. Bunaíodh seirbhís tacaíochta ar a dtugtar T4 agus tá an fhorbairt ionghairme do mhúinteoirí sa tríú bliain anois den dianchéim don dá ábhar seo. Tá beirt ionadaithe ag CSS ar choiste stiúrtha na seirbhíse tacaíochta.

#### Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide

Tá Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide in áit Líniócht Theicniúil agus déanfar é a measúnú le scrúdpháipéar cinn chúrsa agus le tasc cúrsa. Beidh ualach 60% agus 40% de na marcanna ag gabháil leis an dá chomhpháirt faoi seach.

Beidh scrúdpháipéar cinn chúrsa amháin ann ar an dá leibhéal, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. Beidh sé seo ann in áit na dtí scrúdpháipéar a bhíodh sa Líniócht Theicniúil. Mairfidh an scrúdú trí huair an chloig ag gach leibhéal. Beidh croí-réimsí staidéir agus réimsí roghnacha staidéir sa scrúdpháipéar, rud a bheidh ag teacht le struchtúr modúlach an tsíollabais. Beidh ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt as péire de na cúig rogha. D'eisigh CSS scrúdpháipéir shamplacha, ag an dá leibhéal, i bhfómhar na bliana 2008.

D'eisigh CSS treoracha téamacha do thascanna an chúrsa i nDeireadh Fómhair 2008. Eisíodh treoracha

éagsúla ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal. Is éard a bheidh san fhreagairt ar thascanna an chúrsa ná meascán de línióchtaí ar pháipéar agus de shamhlacha leictreonacha (fíorúla). Beidh an Dearadh Ríomhchuidithe (CAD) i bhfoirm samháltú paraiméadrach, ina riachtanas suntasach éigeantach de na tascanna.

Tá maoiniú curtha ar fáil do scoileanna ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leis na crua-earraí agus na bogearraí atá riachtanach do chuid an CAD de thasc an chúrsa a cheannach.

#### Teicneolaíocht

Ábhar nua atá sa Teicneolaíocht ag an tSraith Shinsearach agus cuirfidh sé bealach chun cinn ar fáil do na mic léinn a bhfuil staidéar á dhéanamh acu ar an Teicneolaíocht ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh faoi láthair. Tá an cúrsa nua sa Teicneolaíocht á thabhairt isteach ar bhonn céimnithe. Tá 46 scoil san iomlán i gcéim a haon den tionscadal isteach ar cuireadh tús leis i Meán Fómhair 2007. Cuireadh tús le céim a dó i Meán Fómhair 2008 don chuid eile de na scoileanna sin a dteastaíonn uathu an t-ábhar a chur ar fáil sa tSraith Shinsearach.

Déanfar an t-ábhar seo a mheasúnú le scrúdpháipéar cinn chúrsa agus le tasc measúnachta. Beidh an líon céanna marcanna ag gabháil leis an dá chomhpháirt.

Mairfidh an scrúdú scríofa dhá uair go leith an chloig ag an Ardleibhéal agus dhá uair an chloig ag an nGnáthleibhéal. Mar atá i gceist le Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide, beidh "croíchúrsa" agus "roghanna" sa scrúdú nua seo, rud a bheidh ag teacht le struchtúr modúlach an tsíollabais. Beidh ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt as an gcroíchúrsa agus as dhá cheann de na cúig rogha.

Tá dhá threoir théamacha do thascanna an chúrsa eisithe ag CSS, ceann ag an Ardleibhéal agus ceann ag an nGnáthleibhéal. Beidh ar iarrthóirí ag an dá leibhéal déantán a dhearaidh agus a dhéanamh de réir na treorach. Beidh ar na hiarrthóirí fóilió a chur leis an déantán ina mbeidh mionchur síos ar gach céim, ón dearaidh go dtí déanamh an déantáin, agus ina mbeidh measúnacht fhoriomlán an déantóra féin ar an bpróiseas ina iomláine.

D'fhorbair an CNCM ábhar samplach measúnachta don ábhar agus d'eisigh do na scoileanna é. D'eisigh CSS scrúdpháipéir shamplacha ar an dá leibhéal san fhómhar in 2008.

# Caibidil 2

## ATHBHREITHNIÚ AR 2008

### Tionscadal Mata

Mar a cuireadh in iúl i dTuarascáil Bhliantúil 2007, tá baint ghníomhach ag CSS le tionscadal forbartha an churaclaim nuálaigh seo. Is é atá i gceist leis an tsamhail nua forbartha ná cúig shnáithe siollabais a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe agus na snáitheanna sin a phiolótú i líon teoranta scoileanna. Tá sé i gceist freisin cláir nua don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht a thabhairt isteach ag an am céanna.

In 2008, lean pearsanra de chuid CSS de bheith ag comhoibriú leis an CNCM agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i mbainistiú foriomlán an tionscadail. Rinneadh obair mhór ar shoiléiriú torthaí siollabais agus ar na caighdeáin atá beartaithe agus ar chomhoibriú in ullmhúchán dréachtábhar samplach measúnachta.

I Meitheamh 2010, beidh scrúdpháipéar éagsúil le déanamh i gcás Matamaitic Páipéar 2 ag thart ar 2000 mac léinn Ardteistiméireachta in 24 scoil a ghlac páirt sa scéim phiolótach. I gcás Matamaitic Páipéar 1, déanfaidh siad an scrúdpháipéar céanna a dhéanfaidh gach iarrthóir eile. Tá staidéar á dhéanamh ag na mic léinn seo ar ábhar nua ó dhá cheann de na cúig shnáithe siollabais agus iad ag leanúint ar aghaidh leis sna trí shnáithe eile leis an ábhar atá sa siollabas atá ann cheana. I bhfómhar na bliana 2009, déanfaidh CSS dréachtsamplaí den Pháipéar 2 nua a phiolótú sna scoileanna atá rannpháirteach. Ina dhiaidh sin, eiseofar scrúdpháipéir shamplacha chríochnaithe do na scoileanna sin. Tá obair fhorbartha ar na trí shnáithe siollabais ar siúl i gcónaí. Tá planáil maidir leis an Teastas Sóisearach ar siúl fós chun an dá shnáithe athbhreithnithe a scrúdú. Scrúdófar na snáitheanna sin den chéad uair sna 24 scoil atá rannpháirteach in 2011.





## **Gaeilge**

### *An Teastas Sóisearach*

Tá dian-chomhráite déanta ag CSS leis an CNCM agus leis na comhpháirtithe oideachais eile maidir leis na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann leis na hathruithe sna marcanna a thugtar do na comhpháirteanna éagsúla i scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh, mar a fógraíodh in Imlitir 0042/2007. Tá beartaithe ag CSS miontreoracha a eisiúint i dtaca leis an mBéaltrial roghnach scoilbhunaithe a mbeidh 40% de na marcanna iomlána ag gabháil léi ó 2010 i leith. Beidh an Trial Chluastuisceana ina dlúthchuid de Pháipéar 1 ag an Ardleibhéal agus den pháipéar scríofa ag an nGnáthleibhéal agus ag an mBonnleibhéal. Beidh 10% de na marcanna iomlána ag gabháil léi. Déanfar athruithe beaga eile ar struchtúr na bpáipéar a shoiléiriú go luath. Ní chuirfear athrú ar bith ar shiollabas an Teastais Shóisearaigh.

### *An Ardteistiméireacht*

Tá athbhreithniú comhthreomhar á dhéanamh ar an Ardteistiméireacht maidir leis na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann leis na hathruithe sna marcanna a thugtar do na comhpháirteanna éagsúla i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta tar éis gur fhógair an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an méadú ar na marcanna atá ar fáil don Bhéaltrial ó 20% agus 25% go dtí 40%. Tá baint ag CSS le coiste cúrsa na CNCM le hathruithe ar scrúdú na hArdteistiméireachta a cheapadh a léireoidh na marcanna nua.

Ach an obair a bheith curtha i gcrích agus faofa ag an Roinn, eiseofar soiléiriú do na scoileanna.



**CAIBIDIL 3**  
**MAOINIÚ AGUS CUNTASACHT**

## Caibidil 3

### MAOINIÚ AGUS CUNTASACHT

*Spríoc Ardleibhéil 4:*

**Sofhreagracht agus cuntasacht** a léiriú mar aon leis na caighdeáin is airde sa tseirbhís dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara uile.

#### MAOINIÚ

Tá an chuid is mó de mhaoiniú CSS ag teacht fós trí Vóta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Bailítear an fuilleach mar tháillí ó iarrthóirí. Ba é an costas iomlán a bhain le riar na scrúduithe i gcaitheamh na tréimhse 1 Eanáir, 2008 go dtí 31 Nollaig, 2008, tuarastal foirne agus costais riaracháin san áireamh, ná €71.2 milliún. €9.1 milliún de a bailíodh mar tháillí.

Is iad na costais reatha is mó a bhaineann leis na scrúduithe ná táillí a íoctar le feitheoirí, scrúdaitheoirí, dréachtóirí agus cóiritheoirí, agus na costais taistil agus chothabhála a bhíonn ag gabháil dóibh. Tá costas suntasach ag baint freisin le clódóireacht, pacáil agus postas na n-ábhar scrúdaithe. Cuirtear ábhair scrúdaithe, iarpháipéir, trialacha cluastuisceana, scéimeanna marcála, etc. ar fáil saor in aisce do scoileanna agus d'iarrthóirí i bhformáidí éagsúla ar a n-áirítear páipéar, téip, dioscaí agus ar ár suíomh gréasáin.

Na Príomhcostais in 2008	€m
Táillí a íocadh le Scrúdaitheoirí, Feitheoirí agus Pearsanra eile ar Conradh	36.2
Tuarastal Foirne	12.1
Taisteal agus Cothabháil (Foireann ar conradh agus foireann bhuan)	12.7

Tábla 3.1

#### Táillí Scrúduithe

Gearrtar táillí ar na scrúduithe a dhéanamh agus ar achomharc a dhéanamh sna torthaí. Íoctar na táillí ar ais leo siúd a n-éiríonn leo san achomharc. Gearrtar táillí freisin chun ráiteas deimhnithe torthaí scrúduithe breise a chur ar fáil.

#### Ba iad rátaí na dtáillí in 2008:

<i>Táillí Iontrála</i>	
An Ardeistiméireacht (na cláir go léir)	€101
An Ardeistiméireacht in Athuair	€263
An Teastas Sóisearach	€95
<i>Táillí Achomhairc (in aghaidh an ábhair)</i>	
An Ardeistiméireacht	€37
An Ardeistiméireacht Fheidhmeach	€14.50
An Teastas Sóisearach	€30
<i>Táillí Eile</i>	
Ráiteas Breise Deimhnithe Torthaí Scrúduithe	€12.50

Tábla 3.2

Gearrtar rátaí níos ísle táillí ar iarrthóirí atá ag déanamh dhá ábhar nó níos lú sa scrúdú agus a chuirtear isteach ar an scrúdú trí SDOG, BTEI nó scéimeanna eile dá leithéid, agus ar dhaoine ar iarrthóirí seachtracha iad (gan a bheith ag dul ar scoil).

Faigheann iarrthóirí díolúine i dtáillí scrúduithe a íoc má tá cárta bailí leighis acu féin, nó ag a dtuismitheoirí nó ag a gcaomhnóirí. 28,343 iarrthóir san iomlán a fuair díolúine i dtáillí scrúduithe a íoc in 2008, sin beagnach 25.4% de chohórt iomlán na scrúduithe.

Ní ghearrtar táille ar iarrthóirí as breathnú ar a gcuid scrípteanna marcáilte.

#### An tAcht um Íoc Pras Cuntas

Tá dualgas ar CSS mar chomhlacht poiblí an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (arna leasú in 2002) a chomhlíonadh. Níor thabhaigh CSS íocaíocht úis ar bith faoi théarmaí na reachtaíochta in 2008.

#### CUNTASACHT

Seasann CSS leis na caighdeáin is airde oscailteacht agus cuntasacht. Lena chois sin, tá freagracht ar CSS a dheimhniú go gcaitear na cistí poiblí agus na táillí a bhailítear ar an mbealach is fearr ar fad, agus go dtugtar luach ar airgead i ngach gné dá chuid oibriúchán.

## Caibidil 3

### MAOINIÚ AGUS CUNTASACHT

Tugann CSS cuntas ar a fheidhmíocht mar seo a leanas:

#### *An tAire Oideachais agus Eolaíochta*

Ní mór don CSS tuarascáil bhliantúil ar a chuid gníomhaíochtaí i rith na bliana roimhe sin a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta. Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil 2007 faoi bhráid an Aire i mí na Bealtaine 2008.

#### *An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste*

Ní mór cóip de na cuntais bhliantúla ioncaim agus chaiteachais, a choinnítear de bhun Alt 28 de Shainordú Choimisiún na Scrúduithe Stáit (Bunú) 2003, a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh taobh istigh de shé mhí i ndiaidh na tréimhse cuntasáíochta lena mbaineann siad. Cuireadh cóip de chuntais 2007 faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i mí an Mheithimh 2008.

#### *Coiste na gCuntas Poiblí*

Is é Príomhfheidhmeannach CSS an tOifigeach Cuntasáíochta do chuntais leithghabhála na seirbhíse chun críche na nAchtanna Stáitchiste agus Iniúchóireachta, 1866 agus 1921, agus an tAcht um Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Is féidir go n-iarrfaí ar an Oifigeach Cuntasáíochta teacht i láthair Choiste na gCuntas Poiblí chun déileáil le ceisteanna a bheadh ardaithe ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

#### *Achtanna Eitice in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001*

Comhlacht poiblí é Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haghaidh na nAchtanna.

#### **Iniúchóireacht Inmheánach**

Mar ghníomhaireacht reachtúil Stáit, ní mór feidhm cheart iniúchóireachta inmheánach a bheith ag CSS. I Márta 2005, tar éis próiseas tairisceana, roghnaíodh an ghnólacht Mazars Tierney, atá lonnaithe i nGaillimh, chun feidhm iniúchóireachta inmheánach an Choimisiúin a chur ar fáil go ceann trí bliana. Rinneadh dul chun cinn suntasach arís in 2008 i gcur i bhfeidhm an chláir iniúchóireachta. Is iad Coiste Iniúchóireachta an Choimisiúin, a bhfuil an Leas-Chathaoirleach ina Chathaoirleach air agus a bhfuil ball seachtrach air, a dhéanann maoirseacht ar an obair sa réimse seo.

#### **Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Shóisialta - Deimhniú Feidhmíochta**

Deimhníodh an dul chun cinn atá déanta ag CSS maidir leis an gclár um nuachóiriú atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta, chun na geallúintí a rinneadh sa Chomhaontú um Chomhpháirtíocht Shóisialta ar Dhul Chun Cinn a Chothú a chur i bhfeidhm. Cuireadh Tuarascáil ar an dul chun cinn faoi bhráid an ghrúpa sheachtraigh um dheimhniú feidhmíochta sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Deimhníodh dul chun cinn sásúil a bheith ar siúl i mí Feabhra agus i mí Iúil 2008.



**CAIBIDIL 4**  
GNÍOMHAÍOCHTAÍ CORPARÁIDEACHA -  
AG TACÚ LEIS NA  
hEOCHAIRFHEIDHMEANNA GNÓ

## Caibidil 4

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ CORPARÁIDEACHA - AG TACÚ LEIS NA HEOCHAIRFHEIDHMEANNA GNÓ

*Spríoc Ardleibhéil 3:*

**Eagraíocht chumasach, sholúbtha, éifeachtach a fhorbairt.**

*Spríoc Ardleibhéil 4:*

**Sofhreagracht agus cuntasacht a léiriú mar aon leis na caighdeáin is airde sa tseirbhís dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara uile.**

## PEARSANRA AGUS CÓIRÍOCHT

### Bainistíocht Acmhainní Daonna

Aithníonn an eagraíocht gur buntáiste di straitéisí cuí Acmhainní Daonna a fhorbairt le fórsa ardoilte freagrach oibre a thógáil, agus le cabhrú leis na bhfoireann forbairt go pearsanta agus dul chun cinn sa ghairm acu, rud a chuirfeadh le leibhéal na sástachta i dtimpeallacht na hoibre. Imríonn Aonad Pearsanra CSS ról rithábachtach agus é ag tacú le seachadadh príomhghníomhaíochtaí gnó na heagraíochta.

### Líon na Foirne

Tháinig laghdú beag ar an bhfoireann bhuan atá fostaithe ag CSS in 2008. 179 duine atá ann anois. Bhí 90 ball foirne sealadach ann chun cuidiú leis na príomhimeachtaí séasúracha, pacáil agus dáileadh ábhar scrúdaithe, mar shampla, próiseáil agus eisiúint na dtorthaí scrúduithe, agus próiseas na n-achomharc.

### Patrúin Fostaíochta

Tá patrúin fostaíochta ar leith ag CSS. Cuidíonn na patrúin seo le foireann na heagraíochta trí scéimeanna cothromaíochta idir an obair agus an gnáthshaol a chur ar fáil - fleisc-am, mar shampla, postroinnt oibre agus obair le linn na dtéarmaí scoile - agus le riachtanais na heagraíochta trí fhostaíocht shealadach agus pháirtaimseartha.

### Oiliúint agus Forbairt

Le linn 2008, cuireadh 323 lá oiliúna i 65 cúrsa éagsúil ar fáil don fhoireann oibre, ar a n-áirítear oiliúint agus tacaíocht don chlár eagraíochtúil Sláinte agus Sábháilteachta a d'fhorbair CSS in Aibreán 2007.

Cuir CSS tacaíochtaí forbartha foirne eile ar fáil i gcónaí, scéimeanna d'aisíoc táillí gairmiúla ballraíochta agus táillí oideachais, mar shampla.

### Comhdhálacha agus Seimineáir

Lean an Coimisiún lena n-iarachtaí coinneáil suas leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta trína pháirtíocht le heagraíochtaí gairmiúla idirnáisiúnta cuí agus trína naisc dhíreacha le húdaráis eile scrúduithe. Rinne roinnt oifigeach ó CSS freastal ar chomhdháil bhliantúil an International Association for Educational Assessment (IAEA) in Cambridge. D'fhoth an dea-chleachtas a roinnt le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta measúnachta, chuir CSS páipéar i láthair dar teideal *Large scale assessment - maintaining public confidence in high stakes State Examinations*.

Bhí comhdháil bhliantúil Rannóg Scrúduithe agus Measúnaithe CSS i mí na Nollag dírithe ar an téama *Measúnú: Inrochtaineacht a Dhearadh*. Labhair saineolaithe inmheánacha agus saineolaithe seachtracha ag an gcomhdháil.

### Earcaíocht agus Ardú Céime

Tugadh ardú céime do roinnt daoine le linn 2008 le folúntais a líonadh in CSS. Baineadh úsáid as meascán de chomórtais inmheánacha agus sheachtracha chun na folúntais sin a líonadh. Is iad na gráid a raibh na comórtais ar siúl dóibh mar seo a leanas: Bainisteoir Scrúduithe agus Measúnaithe do na hábhair Béarla, Bitheolaíocht, Tíreolaíocht, Gnó, Gaeilge agus Teicneolaíocht, Príomhoifigeach Cúnta, Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Feidhmiúcháin (TF). Líonadh folúntais mar Oifigeach Feidhmiúcháin agus mar Oifigeach Cléireachais tríd an bpróiseas díláraithe agus an tSaoráid Lárnach Iarratas. Is fostóirí comhionannais deise é CSS.

### Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas ag CSS a dhéanann ionadaíocht thar ceann na heagraíochta ar Líonra na nOifigeach Idirchaidrimh do dhaoine faoi Mhíchumas atá ag an Roinn Airgeadais.

### Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Oibríonn CSS CBFF don fhoireann uile agus soláthraíonn samhail athbhreithnithe CBFF do chomhtháthú CBFF le polasáí agus próisis níos leithne



## Caibidil 4

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ CORPARÁIDEACHA - AG TACÚ LEIS NA HEOCHAIRFHEIDHMEANNA GNÓ

in Acmhainní Daonna, ar a n-áirítear córais mheasúnachta le haghaidh incrimintí, ardú céime agus poist ar scála níos airde.

#### Cóiríocht agus Seirbhísí

Tá an chuid is mó de phearsanra an Choimisiúin lonnaithe i mBaile Átha Luain ach tá foireann Rannóg Scrúduithe agus an Measúnaithe lonnaithe in áiteanna réigiúnacha eile. I mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i Luimneach agus i nGaillimh atá na príomhoifigí réigiúnacha.

Rinneadh an oifig i gCorcaigh a athchóiriú in 2008, agus in oifig Bhaile Átha Luain rinneadh an córas aláráim dóiteáin a uasghrádú agus cuireadh isteach ceamaraí slándála breise.

#### TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE AGUS NA CUMARSÁIDE

Baineann na scrúduithe stáit an-tairbhe as na córais ardchaighdeáin i dteicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) atá ag CSS. Ar na buntáistí a eascraíonn as na forbairtí seo don eagraíocht agus dá custaiméirí tá laghdú costas, éifeachtacht seirbhíse agus eolas níos fearr.

**Tá bonnagar neamhspleách TF ag an gCoimisiún ina bhfuil córas comhtháite agus riaracháin TFC don lucht foirne go léir i mBaile Átha Luain agus cianrochtain shlán do gach ball foirne atá ag obair in oifig réigiúnach nó sa bhaile.**

Ba iad seo a leanas na príomhforbairtí agus na príomhthionscnaimh TF in 2008:

- Freastalaí Feidhmchlár Oracle a shuiteáil agus a chumrú le cur i ngníomh Uasghrádú 10G Oracle a éascú
- Leanúint den chéim bheo de na hiontrálacha ar ATF ar líne agus den tionscadal marcála
- Cur i ngníomh leanúnach na háise cianrochtana móibíl
- Uasghrádú agus feabhsú Bhonneagar Bhalla Dóiteáin an Ghréasáin agus gnéithe slándála eile

#### AN SUÍOMH GRÉASÁIN: [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)

Tá CSS thar a bheith bródúil mar eagraíocht go bhfuil sé de cháil orthu go mbaianeann siad leas as teicneolaíocht na faisnéise le seirbhísí ardchaighdeáin nuálaíocha a sholáthar. Tá an suíomh gréasáin agus na seirbhísí gaolmhara ar líne rithabhachtach i soláthar seirbhísí ardchaighdeáin do chustaiméirí.



Baineann CSS leas as an suíomh gréasáin [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie) le heolas cuimsitheach agus seirbhísí a chur ar fáil d'iarrthóirí, do thuismitheoirí, do mhúinteoirí, do phearsanra scoile agus d'aon duine ar leas leo córas scrúduithe stáit na hÉireann. Tagraítear go minic don suíomh ar shuíomh ghréasáin eile oideachais mar fhoinsé riachtanach d'ábhar scrúduithe agus tá múinteoirí, iarrthóirí agus úsáideoirí eile an-tógtha leis. Tá siad seo ar na seirbhísí a sholáthraítear tríd an suíomh gréasáin:

- Rochtain ar líne ar thorthaí scrúduithe na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh sa bhliain reatha. Bhain 20,718 iarrthóir i 59 tír éagsúil leas as an tseirbhís seo in 2008 chun torthaí a gcuid scrúduithe a fháil.
- Áis ar líne chun táillí achomhairc a íoc
- Áis ar líne chun Ráitis a ordú agus chun íoc astu
- Iarratas ar scrúduithe agus áis d'íocaíocht táillí ar líne d'iarrthóirí nach bhfuil i scoileanna.
- Scrúdpháipéir agus scéimeanna marcála le sé bliana anuas, agus tuairiscí na bPríomhscrúdaitheoirí le seacht mbliana anuas, ar fáil i gCartlann an Ábhair Scrúduithe le cóipeáil anuas saor in aisce.

## Caibidil 4

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ CORPARÁIDEACHA - AG TACÚ LEIS NA HEOCHAIRFHEIDHMEANNA GNÓ

- Scrúdpáipéir shamplacha i gcomhair na siollabas nua agus na siollabas leasaithe uile ar fáil le cóipeáil anuas saor in aisce.
- Gach tráthchlár scrúduithe, gach sceideal de dhátaí ar leith agus gach sceideal de na táillí scrúduithe ar fáil sa rannóg Eolas Scrúdaithe.
- Rannóg earcaíochta a úsáidtear le foireann a earcú ar conradh, scrúdaitheoirí agus feitheoirí, mar shampla, agus freisin chun poist bhuana sa Choimisiún a fhógairt de réir mar a thagann siad chun cinn
- Staitisticí mionsonraithe na scrúduithe le sé bliana anuas
- Eolaire ina bhfuil gach ciorclán agus foirm reatha a eisítear chuig na 750 scoil iarbhuonoideachais sa stát
- Scrúdpáipéir an lae reatha agus clár fógraí laethúil ina mbíonn eolas riachtanach le linn thréimhse na scrúduithe scríofa i mí an Mheithimh gach bliain.

#### CLÁR SEIRBHÍSÍ ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ

Rinneadh cur síos cheana ar shonraí maidir le forbairt na seirbhísí ardchaighdeáin do chustaiméirí CSS i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo atá ar fáil ar shuíomh gréasáin CSS [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie).

#### Cairt na gCustaiméirí

Sonraíonn Cairt Chustaiméirí CSS an leibhéal seirbhíse a mbeadh custaiméirí ag súil leis agus iad ag plé leis an eagraíocht, agus léirítear inti go soiléir an bealach ar féidir le custaiméirí gearán a dhéanamh mura bhfuil siad sásta leis an leibhéal seirbhíse a fhaigheann siad. Cuireann próiseas forbartha na Cairte de cheangal orainn feidhmíocht na Cairte a mheasúnú go tréimhsiúil i gcoinne na gcaighdeán atá leagtha amach sa Chairt féin agus tuairisc a thabhairt ar na torthaí sa Tuarascáil Bhliantúil.

Tá Cairt na gCustaiméirí ar fáil i bhfoirm bileoige in oifigí CSS, ar an suíomh gréasáin agus in Aguisín A den tuarascáil seo. Tá athbhreithniú le déanamh ar an gCairt in 2009.

#### Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí

Tá an Plean Gníomhaíochta do Sheirbhís Custaiméirí mar bhonn leis na gealltanais atá déanta agus leis na caighdeáin atá leagtha síos i gCairt na gCustaiméirí. Leagtar síos sa phlean na céimeanna a thabharfaidh an eagraíocht chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar a bheidh ag teacht le dhá phrionsabal déag na seirbhíse ardchaighdeáin do chustaiméirí. Tá an Plean Gníomhaíochta foilsithe ar ár suíomh gréasáin [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie).

#### Caighdeáin Seirbhíse a bhaint amach

Gealltar i gCairt na gCustaiméirí seirbhís teileafóin a bheidh ar fáil tríd an bpríomhuimhir theileafóin i mBaile Átha Luain ó 9.15 a.m. go dtí 5.30 p.m. ón Luan go dtí an Aoine. Cuirtear seirbhís bhreise teileafóin ar fáil do scoileanna agus d'iarrthóirí le linn thréimhse na scrúduithe scríofa i mí an Mheithimh.

Is é sprioc na Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí ná 90% de na glaonna a fhreagairt laistigh de 30 soicind. In 2008 freagraíodh 90% de na glaonna i 20 soicind nó níos lú. Ba é an meánfhad a ghlac sé ar an lasc-chlár glao a fhreagairt ná 10 soicind.

Is é an sprioc atá ann don chomhfhreagras scríofa ná 90% den chomhfhreagras uile a fhreagairt laistigh de 15 lá oibre agus uimhir theagmhála, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist a lua sa chomhfhreagras uile. Cloíodh leis na gealltanais sin le linn na thréimhse monatóireachta.

D'fhonn feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil sa chomhfhreagras scríofa cuireann CSS dhá sheoladh ghinearálta ríomhphoist ar fáil chomh maith leis na seoltaí pearsanta ríomhphoist. Tá seoladh ríomhphoist dá gcuid féin ag gach réimse gnó anois. Déantar iad sin a phoibliú go forleathan ar an suíomh gréasáin, i bhfoilseacháin éagsúla agus sa chomhfhreagras. Tá eolaire de shonraí teagmhála le fáil in Aguisín C den tuarascáil seo.

#### Féilire Balla na Scrúduithe

I mí Feabhra 2007 eisíodh féilire balla na scrúduithe do na scoileanna agus do na hionaid scrúduithe uilig. Bhí príomhdhátaí na scrúduithe ar an gclár. Aiseolas dearfach a fuarthas i gcónaí ar an bhféilire balla seo ó foilsíodh ar dtús é.



# Caibidil 4

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ CORPARÁIDEACHA - AG TACÚ LEIS na hEOCHAIRFHEIDHMEANNA GNÓ

### FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

#### Cumarsáid

#### Seirbhísí do Meáin Chumarsáide & Seirbhísí Faisnéise

Tarraingíonn na scrúduithe stáit an-chuid airde ó na meáin chumarsáide agus ón bpobal. Déanann CSS gach iarracht, tríd an Oifig Phreasa agus Eolais, seirbhís eolais atá réamhghníomhach agus freagrach a chur ar fáil do na meáin agus don phobal i gcoitinne ar feadh na bliana. Mar a rinneadh blianta eile, cuireadh pacáiste mionsonraithe eolais ar fáil do na meáin chumarsáide roimh na scrúduithe scríofa i mí an Mheithimh. Bhí seirbhís feasacháin ar fáil ar an suíomh gréasáin go laethúil le linn thréimhse na scrúduithe scríofa. Chomh maith leis sin, bhí teacht go luath ar scrúdpháipéir, ar bhonn iarratais, i rannán daingean ar an suíomh gréasáin.

#### Taispeántais


I mí Feabhra 2008, bhí taispeántas ag CSS ag an FÁS Oportunities Fair. Deis a bhí san ócáid sin chun ról na heagraíochta a chur chun cinn, ceisteanna faoin gcóras scrúduithe a fhreagairt, an suíomh gréasáin a chur chun cinn agus casadh le roinnt de na mílte iarrthóirí, tuismitheoirí agus múinteoirí a bhí i láthair.

#### Ráiteas Straitéise 2008-2010

Leanann Ráiteas Straitéise 2008-2010 den chéad athbheithniú straitéise a rinne an Coimisiún in 2005. Dírítear sa ráiteas seo ar phríomhspríoc CSS creidiúnacht na scrúduithe stáit a choinneáil agus a fheabhsú trí chóras scrúduithe agus measúnachta d'ardchaighdeán a chur ar fáil, le béim i gcónaí ar dheimhniú cáilíochta agus ar dhearscnaitheacht feidhmíochta. Cuireann sé an bhunchloch ar fáil freisin ar a ndéanfaidh an eagraíocht a croíghnó a sheachadadh le linn di acmhainn a fhorbairt chun freagairt do dhúshláin san am atá ag teacht i dtimpeallacht oideachasúil a bhíonn ag athrú de shíor.

#### Comhpháirtíocht

Leanann an eagraíocht de bheith ag cur na rannpháirtíochta chun cinn agus á spreagadh i gcomhpháirtíocht san ionad oibre agus bhí ról lárnach ag struchtúir Chomhpháirtíochta CSS i gcur i bhfeidhm an chláir nuachóirithe sa CSS i rith na bliana. Comhaontaíodh Ráiteas Straitéise 2008-2010 tríd an bPríomh-Choiste Comhpháirtíochta, coiste a cuimsíonn an fhoireann oibre, an bhainistíocht agus ionadaithe ceardchumainn.



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**  
State Examinations Commission

Cor na Músaí, Baile Átha Luibh, Co. na hIarmhíne  
Carranahilly, Máinúic, Co. Westminster  
Telephón: 01-454 2700 Fón Fax: 01-454 2744  
Email: info@examintions.ie

### Examinations Planner 2008

This planner sets out the key dates for the Leaving Certificate, Leaving Certificate Applied and Junior Certificate Examinations including practical examinations, coursework and oral examinations. The main body of the planner contains some of the most important dates while the Key Dates section is a more comprehensive list. All examination schedules and timetables are available on our website at [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)

#### KEY DATES

January 20th - School Term Begins  
January 20th - School Term Ends  
February 20th - 20th - 20th  
February 20th - 20th - 20th  
March 20th - 20th - 20th  
April 20th - 20th - 20th  
May 20th - 20th - 20th  
June 20th - 20th - 20th  
July 20th - 20th - 20th  
August 20th - 20th - 20th  
September 20th - 20th - 20th  
October 20th - 20th - 20th  
November 20th - 20th - 20th  
December 20th - 20th - 20th

	January	February	March	April	May	June	July	August	September	October	November	December
Monday	1											
Tuesday	2											
Wednesday	3											
Thursday	4											
Friday	5											
Saturday	6											
Sunday	7											
Monday	8											
Tuesday	9											
Wednesday	10											
Thursday	11											
Friday	12											
Saturday	13											
Sunday	14											
Monday	15											
Tuesday	16											
Wednesday	17											
Thursday	18											
Friday	19											
Saturday	20											
Sunday	21											
Monday	22											
Tuesday	23											
Wednesday	24											
Thursday	25											
Friday	26											
Saturday	27											
Sunday	28											
Monday	29											
Tuesday	30											
Wednesday	31											
Thursday												
Friday												
Saturday												
Sunday												
Monday												

[www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)

The background features abstract, flowing lines in shades of green and blue, creating a sense of movement and depth. The lines are layered and semi-transparent, giving the overall composition a dynamic and organic feel.

AGUISÍNÍ

# Aguisín A

## CAIRT NA GCUSTAIMÉIRÍ

Is é misean Choimisiún na Scrúduithe Stáit ná córas scrúduithe agus measúnachta stáit ar ardcháilíocht a sholáthar a chuimsíonn na caighdeáin is airde san oscarleacht, i gcothrom na Féinne agus sa chuntasacht.

Tá raon fairsing custaiméirí ag an gCoimisiún. Orthu sin tá iarrthóirí scrúdaithe agus a dtuismitheoirí, príomhoidí scoile, múinteoirí, údarás scoile, Ranna agus oifigí Rialtais eile, comhlachtaí ionadaíochta, agus mórán eile eagraíochtaí idir náisiúnta agus idirnáisiúnta. Táimid tiomanta seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí go léir i ngach gné dár gcuid feidhmiúcháin. Leagann an Chairt seo amach caighdeáin na seirbhíse a bhfuil sé d'aidhm againn é a chur ar fáil dár gcustaiméirí.

## ÁR nGEALLTANAIS SEIRBHÍSE

### Seirbhís Teileafóin

- Soláthróimid seirbhís Teileafóin tríd ár bpríomhuimhir theileafóin i mBaile Átha Luain, 090 644 2700, ó 9.15 a.m. go dtí 5.30 p.m., Luan go hAoine, cé is moite de laethanta saoire poiblí. Cuirfear leis na huairéanta sin chun freastal ar amanna ar maidin, um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine i rith thréimhse na scrúduithe scríofa i Mí an Meithimh.
- Freagróimid do ghlaio gan mhoill. Is é an aidhm atá againn ná 90% de na glaonna a fhreagairt laistigh de 30 soicind.
- Cuirfimid in iúl cé atá ag caint leat agus/nó cuirfimid ar an eolas thú i dtaobh na hoibre atá faoinár gcúram agus beimid cúirtéiseach cabhrach agus sinn ag déileáil leat.
- Mura féidir linn do cheist a fhreagairt láithreach glacfaimid do shonraí teagmhála agus cuirfimid in iúl duit cathain is féidir a bheith ag súil le scéala uainn.
- Más gá dúinn do ghlaio a aistriú go dtí comhghleacaí oifige míneoidimid cén fáth. Tabharfaimid ainm agus uimhir an duine sin duit agus déanfaimid deimhin de go bhfuil do ghlaio aistrithe mar is cuí.

### Comhfhreagras Scríofa

- Tá sé d'aidhm againn freagra a thabhairt ar 90% den chomhfhreagras ar fad laistigh de 15 lá oibre.
- Cuirfimid in iúl go bhfuarthas do litir, teachtaireachtaí r-phoist san áireamh, laistigh de 5 lá oibre, nuair nach féidir freagra cuimsitheach a thabhairt láithreach.

- Murar féidir freagra cuimsitheach a thabhairt laistigh de 15 lá oibre seolfaimid freagra sealadach chugat, ag míniú an scéil agus ag cur in iúl cathain is féidir a bheith ag súil le freagra cinnte.
- I gcúinsí áirithe, cuir i gcás tar éis dúinn tuairiscí agus tuairimí i dtaobh scrúduithe ar leith a fháil, d'fhéadfadh go mbainfeadh an Coimisiún úsáid as an suíomh gréasáin atá aige chun eolas ginearálta a chur ar fáil.
- Cuirfimid ainm teagmhála, uimhir theileafóin agus seoladh r-phoist ar fáil le gach comhfhreagras.
- Úsáidfidimid teanga shoiléir shimplí inár gcomhfhreagras leat, agus inár gcuid foirmeacha iarratais agus bileog eolais.

### Soláthar Eolais

- Soláthróimid eolas soiléir, tráthúil, cruinn, cuimsitheach atá suas chun dáta i dtaobh ár gcuid polasaithe, scéimeanna agus seirbhísí
- Déanfaimid socruithe go mbeidh an t-eolas seo ar fáil go héasca ar mhodhanna éagsúla.
- Déanfaimid ár ndícheall chun rialacha, rialúcháin agus nósanna imeachta a shimpliú.
- Foinse chuimsitheach eolais maidir le gach gné den tseirbhís scrúduithe a bheidh ar ár suíomh gréasáin [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie), agus leanfaimid de bheith ag soláthar raon seirbhísí ar líne trí mheán an tsuímh ghréasáin.
- Déanfaimid socruithe go mbeidh ár suíomh gréasáin suas chun dáta i gcónaí, so-úsáidte agus insroichte ag ár gcustaiméirí ar fad.

### Seirbhísí Trí Ghaeilge

- Cuirfimid bearta i bhfeidhm chun ár gcuid dualgas faoin Acht um Stádas na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh.
- Leanfaimid orainn de bheith ag tabhairt rogha d'iarrthóirí a gcuid scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge nó trí Bhéarla.
- Foilseoidimid eochairdhoiciméid, ár dTuairisc Bhliantúil san áireamh, i nGaeilge agus i mBéarla.

### Comhionannas agus Éagsúlacht

- Táimid tiomanta seirbhís a sholáthar dár gcustaiméirí a sheasann lena gcearta go gcaithfí go comhionann leo agus a bunaíodh de réir reachtaíocht chomhionannais.

# Aguisín A

## CAIRT NA GCUSTAIMÉIRÍ

- Déileálfaimid leat ar bhealach cothrom oscailte
- Déanfaimid iarracht ár gcuid eolais a chur ar fáil i bhformáidí a fhreastalóidh ar chustaiméirí a bhfuil riachtanais speisialta acu.
- Má tá riachtanais ar leith agat ó thaobh na n-oifigí againne a rochtain, cuir glao teileafóin orainn roimh lá do chuairte le do thoil agus buailfidh ball den fhoireann leat agus tabharfar cúnamh duit ar gach bealach is féidir.

### Príobháideacht

Féachfaimid chuige nach gcuirfear isteach ar do phríobháideacht féin agus ní bhainfimid úsáid as eolas pearsanta de do chuid ach ar chúiseanna a bhaineann le Coimisiún na Scrúduithe Stáit, mar atá ceadaithe de réir dlí.

### Gearáin

Tá sé d'aidhm againn ardchaighdeán seirbhíse a chur ar fáil dár gcustaiméirí go léir. Ach mura mbíonn tú sásta le caighdeán na seirbhíse atá faighte agat tarraing ár n-aird ar an scéal, le do thoil. Murar féidir an gearán a réiteach le ball de chuid na foirne nó leis an mbainisteoir a raibh tú ag déileáil leis, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an mBainisteoir Seirbhíse Custaiméirí (feic sonraí thíos), a athbhreithneoidh an scéal. Déileálfar le gach gearán láithreach, go cothrom neamhchlaonta.

Bainisteoir Seirbhíse Custaiméirí  
Coimisiún na Scrúduithe Stáit,  
Cor na Madadh,  
Baile Átha Luain,  
Co. na hIarmhí.  
Teileafón: 090-644 2778  
Facs: 090-644 2740  
R-phost: [customerservice.manger@examinations.ie](mailto:customerservice.manger@examinations.ie)

Má bhíonn tú fós míshásta, tar éis duit leas a bhaint as nós imeachta na ngearán laistigh de Choimisiún na Scrúduithe Stáit, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le hOifig an Ombudsman:

Oifig an Ombudsman,  
18 Sráid Líosain Íochair,  
Baile Átha Cliath 2.  
Teileafón: 01-678 5222,  
R-phost: [ombudsman@ombudsman.irlgov.ie](mailto:ombudsman@ombudsman.irlgov.ie).

Tá an tOmbudsman neamhspleách go hiomlán ar an Rialtas agus tá an tseirbhís saor in aisce.

### Cabhraigh Linn Cabhrú Leat

Is féidir leat cabhrú linn chun seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a chur ar fáil duit:

- Má bhíonn eolas agat a bhaineann leis an gceist atá á fiosrú nuair a dhéanann tú teagmháil linn.
- Má dhéileálann tú leis an bhfoireann againne agus le custaiméirí eile go cúirtéiseach urramach.
- Má chomhlánaíonn tú ceistneoir suirbhé custaiméirí ar bith a sheolaimid chugat.
- Má thugann tú tuairimí nó moltaí i dtaobh na seirbhíse atá faighte agat. Cuirimid fáilte roimh aiseolas - dearfach nó diúltach. Dá mba mhaith leat do thuairim a thabhairt nó moladh a dhéanamh déan teagmháil, le do thoil, leis an mBainisteoir Seirbhíse Custaiméirí (feic sonraí thuas) nó bain úsáid as an bhfoirm theagmhála ar ár suíomh gréasáin.

### Monatóireacht ár gCuid Feidhmíochta

Déanfaimid measúnú ar ár gcuid feidhmíochta de réir na gcaighdeán a bhfuil cur síos orthu sa Chairt Chustaiméirí seo agus tabharfaimid tuairisc ar an gcaoi a bhfuilimid tar éis cloí leis na caighdeáin seo inár dTuarascáil Bhliantúil. Is féidir cóipeanna den tuarascáil a fháil ar ár suíomh gréasáin, [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)

### Sonraí Teagmhála

*Seoladh Poist:*


Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
Cor na Madadh,  
Baile Átha Luain,  
Co. na hIarmhí.

Príomhuimhir Fóin: 090-644 2700  
Príomhuimhir Facs: 090-644 2744  
Suíomh Gréasáin: [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)  
R-phost: [info@examinations.ie](mailto:info@examinations.ie)

Tá fáil ar shonraí iomlána teagmhála le haghaidh na rannóg ar leith sa Choimisiún le fáil in Aguisín C agus san Eolaire Teagmhála ar ár suíomh gréasáin nó san Eolaire Stáit (Leathanaigh Ghlasa) i gceann ar bith d'eolairí teileafóin Eircom.

# Aguisín B

## EAGRÚ FEIDHMEANNA



# Aguisín C

## EOLAIRE TEAGMHÁLA

Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
Cor na Madadh  
Baile Átha Luain  
Co. na hIarmhí

Príomhuimhir Fón: 090-6442700  
Príomhuimhir Facs: 090-6442744  
Gréasán: [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)  
R-phost: [info@examinations.ie](mailto:info@examinations.ie)

Is í an fhormáid ghinearálta le haghaidh r-phoist chuig an gCoimisiún ná [céadainm.sloinne@examinations.ie](mailto:céadainm.sloinne@examinations.ie).  
I ngach cás eile, is féidir teachtaireachtaí r-phoist a sheoladh chuig seoltaí r-phoist na rannóg seo a leanas.

### Iontrálacha na nIarrthóirí

R-phost: [entries@examinations.ie](mailto:entries@examinations.ie)  
Fón: 090-644 2702, 644 2703, 644 2706  
Facs: 090-644 2709

### An Ardeistiméireacht Fheidhmeach

R-phost: [lca@examinations.ie](mailto:lca@examinations.ie)  
Fón: 090-644 2725, 644 2726  
Facs: 090-644 2740

### Socrúithe Réasúnta

R-phost: [sec.specialneeds@examinations.ie](mailto:sec.specialneeds@examinations.ie)  
Fón: 090-644 2781, 644 2783  
Facs: 090-644 2744

### Feitheoirí na Scrúduithe

R-phost: [user.super@examinations.ie](mailto:user.super@examinations.ie)  
Fón: 090-644 2791, 644 2792  
Facs: 090-644 2794

### Scrúdaitheoirí

R-phost: [examiners@examinations.ie](mailto:examiners@examinations.ie)  
Fón: 090-644 2734, 644 2735  
Facs: 090-644 2740

### Béaltrialacha

R-phost: [orals@examinations.ie](mailto:orals@examinations.ie)  
Fón: 090-644 2741, 644 2742  
Facs: 090-644 2753

### Scrúduithe Praiticiúla agus Clár Gairme na hArdeistiméireachta

R-phost: [practicals@examinations.ie](mailto:practicals@examinations.ie)  
Fón: 090-644 2749, 644 2750  
Facs: 090-644 2753

### An tAonad Airgeadais

R-phost: [financial@examinations.ie](mailto:financial@examinations.ie)  
Fón: 090-644 2802, 644 2799  
Facs: 090-644 2807

### Ráitis Torthaí Scrúduithe

R-phost: [statements@examinations.ie](mailto:statements@examinations.ie)  
Fón: 090-644 2810, 644 2808  
Facs: 090-644 2811

### Oifig an Phreasa

R-phost: [sec.pressoffice@examinations.ie](mailto:sec.pressoffice@examinations.ie)  
Fón: 090-644 2777, 644 2851

### Fiosrúcháin faoi Sheirbhísí do Chustaiméirí

R-phost: [customerservice.manager@examinations.ie](mailto:customerservice.manager@examinations.ie)  
Phone: 090-644 2777, 644 2851

### Fiosrúcháin faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

R-phost: [acht.teangacha@examinations.ie](mailto:acht.teangacha@examinations.ie)  
Fón: 090-644 2851, 644 2778

# Aguisín D

## STAITISTICÍ 2008

**TÁBLA 1 – LÍON NA NIARRTHÓIRÍ I SCRÚDUITHE 2008**

		Fireann	Baineann	Iomlán
1	Teastas Sóisearach (Seachas SDOG)	27,659	26,992	54,651
2	Teastas Sóisearach (Iarrthóirí SDOG)	649	640	1,289
<b>3 = 1+2</b>	<b>An Teastas Sóisearach Iomlán</b>	<b>28,308</b>	<b>27,632</b>	<b>55,940</b>
4	Iarrthóirí Scoile Ardeistiméireachta (seachas SDOG agus iarrthóirí a rinne an Ardeistiméireacht athuair)	22,182	23,212	45,394
5	Iarrthóirí scoile a rinne an Ardeistiméireacht athuair	969	809	1,778
<b>6 = 4+5</b>	<b>Iomlán Iarrthóirí scoile Ardeistiméireachta (seachas SDOG)</b>	<b>23,151</b>	<b>24,021</b>	<b>47,172</b>
7	An Ardeistiméireacht Fheidhmeach	1,777	1,623	3,400
8	Iarrthóirí Seachtracha	1,763	2,238	4,101
9	Iarrthóirí SDOG	324	546	870
<b>11 = 6+8+9+10</b>	<b>Líon Iomlán na nIarrthóirí Ardeistiméireachta</b>	<b>25,238</b>	<b>26,905</b>	<b>52,143</b>

### Nótaí:

Ní áirítear ar iarrthóirí an Teastais Sóisearaigh 162 iarrthóir Ardeistiméireachta a rinne teangacha ab initio.

Iarrthóirí a dhéanann na scrúduithe mar rannpháirtithe sa Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais iad iarrthóirí SDOG. Iarrthóirí scoile is ea iad seo a bhfuil cúrsa staidéir déanta acu ar scoil dara leibhéal nó iarrthóirí iad a bhfuil staidéar déanta acu in ionaid speisialta lasmuigh de scoil dara leibhéal.

Is é atá i gceist le hiarrthóirí seachtracha san Ardeistiméireacht ná iarrthóirí a rinne staidéar lasmuigh de chóras na scoileanna dara leibhéal. Níl iarrthóirí SDOG san áireamh. Tharlódh i gcásanna áirithe nach ndearna iarrthóirí seachtracha áirithe ach ábhar nó dhó san Ardeistiméireacht.

Níl iarrthóirí SDOG san áireamh ar líne 6 i líon iomlán na n-iarrthóirí scoile a rinne an Ardeistiméireacht. Níl sé indéanta idirdhealú a dhéanamh in iomlán na n-iarrthóirí SDOG a thaispeántar ar líne 9 idir iarrthóirí scoile agus saghsanna eile iarrthóirí.

Ón mbliain 1975 i leith, bronnadh Teastas ar gach iarrthóir san Ardeistiméireacht nó sa Teastas Sóisearach (An Mheánteistiméireacht roimh 1992) a thaispeánann na gráid a gnóthaíodh gan aon toradh iomlán a thaispeáint a bheadh ag freagairt do theip, do phas ná d'onóracha.

In 2008, bhí 4,683 ionad scrúduithe poiblí ann ar ceapadh 4,683 feitheoir iontu.

Bhí 6,264 Scrúdaitheoir ann do scrúduithe uile an Teastais Shóisearaigh agus na hArdeistiméireachta. Scrúdaigh 1,163 duine díobh sin obair phraiticiúil agus obair thionscadail don Ardeistiméireacht agus don Teastas Sóisearach araon, agus bhí 1,099 duine díobh ag obair mar Scrúdaitheoirí sna Béaltrialacha san Ardeistiméireacht.



# Aguisín D

## STAITISTICÍ 2008

**TÁBLA 2: AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008 - TORTHAÍ COMHIOMLÁNA**

		Fireann	Baineann	Iomlán
1.	Líon iomlán na nIarrthóirí	25,238	26,905	52,143
2.	Líon na nIarrthóirí a thug faoi 5 ábhar ar a laghad	24,205	25,434	49,639
3.	Líon na nIarrthóirí a ghnóthaigh 5 ghrád D3 ar a laghad ag leibhéal ar bith	22,755	24,487	47,242
4.	Líon na nIarrthóirí a ghnóthaigh 6 ghrád D3 ar a laghad ag leibhéal ar bith, dhá cheann díobh ar a laghad ag grád C3 nó ag gráid níos airde, ar pháipéir ardleibhéal	14,649	16,503	30,972
5.	Líon na nIarrthóirí a ghnóthaigh 6 ghrád D3 ar a laghad ag leibhéal ar bith, 4 cinn díobh ar a laghad ag grád C3 nó ag gráid níos airde, ar pháipéir ardleibhéal	8,990	11,659	20,649
6.	Líon na nIarrthóirí a ghnóthaigh 6 ghrád C3 ar a laghad, nó gráid níos airde, ar pháipéir ardleibhéal	4,066	6,288	10,354
7.	Líon na nIarrthóirí a ghnóthaigh 6 ghrád C3 ar a laghad ar pháipéir ardleibhéal, 3 cinn díobh ar a laghad ag grád B3 nó níos airde	3,654	5,697	9,351
8.	Líon na nIarrthóirí a ghnóthaigh 6 ghrád C3 ar a laghad ar pháipéir ardleibhéal, 3 cinn díobh ar a laghad ag grád A2 nó níos airde	1,321	2,025	3,346

### Nótaí

Níl iarrthóirí na hArdteistiméireachta Feidhmí i scrúdú na hArdteistiméireachta san áireamh sna sonraí thuas. Iarrthóirí i scoileanna, iarrthóirí a thug faoin scrúdú athuair, iarrthóirí seachtracha, iarrthóirí SDOG agus iarrthóirí ó na cúrsaí iar-Ardteistiméireachta atá san áireamh sa tábla thuas.

Léirítear torthaí na hArdteistiméireachta i bhfoirm grád, gach grád díobh ag freagairt do réimse céatadán de na marcanna mar seo leanas:

Grád	Réimse Céatadán	Grád	Réimse Céatadán
A1	90+	C3	55>60
A2	85>90	D1	50>55
B1	80>85	D2	45>50
B2	75>80	D3	40>45
B3	70>75	E	25>40
C1	65>70	F	10>25
